

**Micheál Ó Conghaile: Scríbhneoir Cumasach  
Dásachtach**

**Le**

**Pádraig Ó Cofaigh**

**Mar**

**Mhiontráchtas M.A.**

**Le cur faoi bhráid  
Roinn na Nua-Ghaeilge**

**Ollscoil na hÉireann  
Má Núad**

**Samhain 2004**

**Ceann na Roinne: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn**

**Stiúrthóir: An Dr. Aisling Ní Dhonnchadha**

# An Clár

<b>Noda</b>	3
<b>Buíochas</b>	4
<b>Réamhrá</b>	5
<b>Caibidil 1 Féiniúlacht na gCarachtar</b>	
Réamhrá	7
An Rún a Ligean Amach	7
Na Carachtair i mBun Smaointe Doimhne	14
Na Mná i Saothair Uí Chonghaile	17
Na Carachtair ag éirí níos aibí iontu féin	21
<b>Caibidil 2 Ábhair Chonspóideacha</b>	
Réamhrá	26
Conspóideach ó thaobh na hEaglaise de	26
Conspóideach ó thaobh Mianta na gCarachtar de	34
<b>Caibidil 3 An Éigiall i Scéalta Uí Chonghaile</b>	
Réamhrá	43
An Éigiall in <i>An Fear A Phléasc</i>	44
An Éigiall in <i>An Fear Nach nDéanann Gáire</i>	54
<b>Conclúid</b>	65
<b>Leabharliosta</b>	74

## **Noda**

*MAC Mac an tSagairt*

*FAP An Fear A Phléasc*

*SJSJ Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*

*FNNG An Fear Nach nDéanann Gáire*

*CC Cúigear Chonamara*

## **Buíochas**

Gabhaim buíochas ó chroí leis an Dr. Aisling Ní Dhonnchadha a stiúraigh an saothar seo agus a thug idir threoir agus chomhairle go mórchroíoch cineálta dom i gcónaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir i Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Táim faoi chomaoin, leis, ag Iain Mac Roibeaird a chabhraigh go lách móraigeanta liom le linn an tionscnaimh seo. Tá buíochas speisialta tuillte ag mo mhuintir, gan iad ní chuirfí an saothar seo i gcrích go deo.

Is mise ambáin atá freagrach as na tuairimí agus na botúin sa saothar seo.

## Réamhrá

Is scríbhneoir conspóideach dásachtach é Micheál Ó Conghaile. Is follas go bhfuil cuspóir faoi leith aige ina chuid scríbhneoireachta nuair a dhéantar scagadh ar na saothair dhifriúla a scríobh sé idir dhramaí, úrscéalta, agus ghearrscéalta. Is é sin tuiscint agus aird an léitheora a dhíriú ar chruachás mionlach sa tsochaí. Feicfear coimhlint go minic idir cruachás carachtair amháin sna scéalta agus an tsochaí ina maireann na carachtair sin. I gcuid mhaith de na scéalta is aonaráin iad na príomhcharachtair agus níl cuid mhór den tsochaí ina maireann siad in ann iad a thuiscint. Cothaítear conspóid sna scéalta mar thoradh ar an íogaireacht agus ar an macántacht a thaispeánann roinnt de na carachtair. Feicfear gur tréith stíle ag an gConghaileach é na sonraí is pearsanta de chuid na gcarachtar a nochtadh ar mhodh tuairisciúil don léitheoir. Léiríonn an Conghaileach cumas agus máistreacht a cheirde sa chaoi a bhfuil sé in ann bá an léitheora a mhúscailt agus a chothú le cruachás na gcarachtar úd agus is minic a spreagtar fíorspéis an léitheora, dar liom.

I gCaibidil a hAon ba mhaith liom díriú isteach ar fhéiniúlacht na gcarachtar i gcomhthéacs na bhfadhbanna inmheánacha a bhíonn acu. Féachfar ar an mbealach atá acu chun déileáil lena gcás féin, agus ar na bealaí atá acu chun déileáil leis an tsochaí mórtimpeall orthu.

An cuspóir a chuir mé romham i gCaibidil a Dó ná féachaint ar an tslí a bhfuil an Conghaileach conspóideach agus dúshlánach, fiú, ina chuid scríbhneoireachta. Tabharfar faoi deara go bhfuil sé conspóideach sa chaoi a gcuireann sé smaointe na gcarachtar ó thaobh na hEaglaise Caitlicí i láthair chomh maith leis an gcaoi a gcuirtear a gcuid mianta collaí i láthair.

I gCaibidil a Trí beifear ag féachaint ar an éigiall sa dá chnuasach gearrscéalta is deireanaí uaidh. Is iad sin *An Fear A Phléasc* (1997) agus *An Fear Nach nDéanann*

*Gáire* (2003). Feicfead an claonadh scéalaíochta céanna maidir leis an gcoimhlint idir carachtar amháin agus an tsochaí ina maireann sé/sí ann agus thairis sin, feicfead bua na cumadóireachta, an tsamhlaíocht chruthaitheach agus an greann ag teacht chun cinn go mór sna scéalta taitneamhacha úd. Feicfead an Conghaileach ag éirí níos muiníní ina chuid scríbhneoireachta sna slite éagsúla ina mbaineann sé leas as an éigiall sna scéalta. Tá féidearthachtaí aimsithe aige nach raibh aige cheana féin agus ar ndóigh, scríbhneoir níos críochnúla agus níos bisiúla is ea é dá bharr.

Is í an chonclúid a bhainimse as mo chuid anailíse ar shaothar an mhórscribhneora seo ná gur scríbhneoir comhaimseartha, cumasach, dásachtach é Micheál Ó Conghaile sa chaoi a bhfuil sé in ann na tuairimí agus na gníomhaíochtaí is príobháidí agus is íogaire dá chuid carachtar a nochtadh go neamhbhalbh don léitheoir agus san am céanna tuiscint an léitheora a dhiriú agus a chothú ar chás na gcarachtar úd. Is cuma cén seanrá ina scríobhann sé feictear an tslí éifeachtach atá ag an scríbhneoir seo chun déileáil leis na fadhbanna conspóideacha atá ag roinnt mhaith dá chuid carachtar. Tabharfar faoi deara go n-éiríonn an Conghaileach níos turgnamhaí le himeacht na mblianta ionas go bhfeictear meascán iontach den éigiall agus den réalachas sna scéalta ina bhfuil a shamhlaíocht chruthaitheach ag teacht chun cinn go mór.

# **Caibidil 1**

## **Féiniúlacht na gCarachtar**

### **Réamhrá**

Is gné thábhachtach i scríbhneoireacht an Chonghailigh an tslí a gcuirtear na carachtair i láthair i gcomhthéacs na sochaí ina maireann siad. I roinnt áiteanna feictear carachtair a bhíonn ar imeall na sochaí toisc go bhfuil siad difriúil ó dhaoine eile ar bhealach éigin. Músclaítear bá an léitheora leis na carachtair úd agus cothaíonn ionraiceas na gcarachtar spéis an léitheora.

Beifear ag briseadh na caibidle suas i gceithre roinn agus tá sé ar intinn agam scagadh a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn na carachtair in ann déileáil leis na constaicí a chuirtear os a gcomhair. Ar dtús beifear ag féachaint ar roinnt cásanna ina mbíonn na carachtair ag teacht amach le rúin. Ina dhiaidh sin féachfar ar roinnt carachtar i mbun smaointe nuair atá siad ag machnamh ar imeachtaí tábhachtacha a threoraíonn a saol. Anuas air sin beifear ag plé leis na mná i saothair Uí Chonghaile. Pléifear an tslí a n-éiríonn na carachtair níos féinmhuiníní iontu féin sa chuid dheireanach den chaibidil.

### **An Rún a Ligean Amach**

I roinnt mhaith scéalta de chuid an Chonghailigh feictear carachtair nach bhfuil in ann cloí le gnáthnósanna na sochaí ina maireann siad. Bíonn na carachtair seo beagáinín difriúil leis na daoine eile sna scéalta. Feictear nach ábhar mór buartha dóibh a bheith difriúil agus gheobhfar cur síos íogair maoithneach atá lán le teannas nuair a bhíonn na carachtair siúd ag iarraidh teacht amach leis an bhfirinne chun iad féin a fhuascailt chun saoirse éigin a fháil dóibh féin.

Cuirtear fear óg darb ainm Eoin Póil i láthair san úrscéal *Sna Fir*. Is léir gur duine é atá ag dul trí thranglam intinne tríd an scéal. Is ionann an reacaire agus Eoin Póil san úrscéal seo agus tugann sé sin deis iontach don léitheoir íogaireacht an charachtair seo a fheiceáil. I roinnt áiteanna feictear cé chomh buartha agus inmíoch is a bhíonn sé faoi chúrsaí an tsaoil nuair a bhíonn sé ag machnamh ar rudai a tharla dó ina intinn. Feictear cé chomh macánta is a bhíonn sé ag roinnt a chuid smaointe leis an léitheoir. Seans go músclaíonn a mhacántacht an bhá as cuimse atá ag an léitheoir leis mar níl sé in ann a bheith leath chomh macánta leis na carachtair eile a mbuaileann sé leo. Cé gur mhaith leis teacht amach lena rún gur homaighnéasach é, níl an misneach aige é sin a dhéanamh agus mar thoradh air sin feictear an inní atá air anseo nuair a thosaíonn a chara á cheistiú faoina thuairimí ar a áit dhúchais.

“Cén ghráin atá agatsa ar d’áit dhúchais? Ní fhaca mé duine ariamh mar thú!” D’fhéach sí isteach sna súile orm, géire ina hamharc.

Ní raibh a fhios agam céard a déarfainn. D’fhéach mé suas ar an solas, trasna ar an teilifís nach raibh casta air, anonn ar an bhfuinneog nár fhéad mé feiceáil tríd. “Eisceacht de *chulchie* atá ionamsa,” a dúirt mé ansin, ag déanamh grinn den scéal. “Ní *fiorchulchie* atá ionam mar ba mhaith leat, is dóigh. Cén neart atá agamsa air? Táim ar mo chompóirt níos mó sa gcathair ná mar atáim sa mbaile, cead agus deis agam dul i mo bhealach féin”. (*Sna Fir*, 55)

Tugtar roinnt samplaí d’Eoin Póil ag triail eispéireas nua sa chathair nuair is féidir leis a bheith ar a shuaimhneas nuair nach bhfuil aithne aige ar éinne eile thart. Is dóigh gur ábhair chonspóideacha iad roinnt acu, rud a mbeifear ag déileáil leis sa chéad chaibidil eile. Réimse fairsing ábhar, mar shampla, cuairt ar chlub gnéis; buachaillí cíosa agus ‘*mercyfuckers*’. Tugann saoirse na cathrach an-seans dó bualadh le daoine atá díreach cosúil leis féin, deis nach bhfaigheann sé ina áit dhúchais. Níl mórán difríochta idir Eoin Pól agus a bheirt chairde atá ar chomhaois leis. Tá siad go léir ag triail rudai nua in áiteanna difriúla ionas go mbeidh siad in ann taithí éagsúil a

fháil. An difríocht is mó atá eatarthu ná go bhfuil an bheirt eile in ann a sceitimíní a léiriú go poiblí agus labhairt go hoscailte faoi céard atá foghlamtha acu de bharr a gcuid eispéireas. Feicimid anseo a sceitimíní nach bhfuil siad in ann a cheilt. Is íoróineach an rud é nach bhfuil a fhios ag na buachaillí seo go bhfuil aon difríocht idir iad féin agus Eoin Póil. Feictear anseo mí-chompord Eoin Póil go soiléir cé nach bhfuil an méid sin tugtha faoi deara ag na buachaillí:

“Ní fir chearta ná mná cearta a bhí iontu ar chor ar bith, a khevin. Dia idir sin is an anachain! Lig dom an scéal a inseacht mar a tharla sé as ucht Dé ort is ná bí ag teacht romham. Ach ní raibh `fhios a`inne an uair sin nach mná a bhí iontu. An dtuigeann tú leat mé, a John Paul.

“Tuigim,” a d’fhreagair mé. “Tá mé ag ceapadh go dtuigim.” I ngan fhios dom féin bhí trí phionta trí ceathrú líonta a’ m agus iad fágtha ansin le m’ais go socróidís sula gcuirfinn barr orthu.

(*Sna Fir*, 107)

Is cineál deoraí é Eoin Póil atá ag iarraidh a fhéiniúlacht a bhaint amach dó féin tríd síos. Níl ach suaimhneas intinne á lorg aige. Cé go bhfuil máistreacht sa Ghaeilge á déanamh aige is óna mhianta collaí a fhaigheann sé an chúis inmí is mó ina shaol. Is léir go bhfuil a lán cairde aige sa bhaile ach ag an am céanna níl sé in ann a bheith ar a shuaimhneas leo mar thoradh ar fhaitíos inmheánach a bhí air maidir lena homaighnéasacht. Ach feictear forbairt ina phearsantacht agus ina aibíocht sa chaoi a bhfuil an misneach aige an fhírinne a inseacht dá chara Nóirín. Cruthaítear atmaisféar iontach teannasach i gcóir na hadmhála seo ach sa deireadh ba chúis gáire í don léitheoir mar bhí a fhios ag Nóirín cheana féin gur homaighnéasach é agus ba chuma léi. Seans gurb é an caidreamh collaí a bhí ag Eoin Póil le Dónall a rinne an difríocht is mó dó le linn an scéil. Ba é seo an chéad leannán a bhí aige agus ba chaidreamh thar a bheith oscailte agus macánta a bhí acu. Ach nuair a chríochnaíonn an caidreamh

titeann Eoin Póil isteach i ngalar dubhach agus is ón eispéireas seo a fhaigheann sé an misneach a bheith níos oscailte leis na daoine thart air, rud a chabhraíonn go mór leis ina fhorbairt mar phearsa. Feictear anseo cé chomh híseal is a bhí Eoin Póil tar éis an bhriseadh suas a bhí aige le Dónall. Feictear go dtéann fréamhacha a mhíshásaimh i bhfad níos doimhne ná a chaidreamh le Dónall:

“Ní theastaíonn uaim bheith difriúil le formhór na ndaoine eile. Ní theastaíonn uaim a bheith ag dul i bhfolach, a bheith ag aisteoireacht, a bheith ag cur an dubh ina bhán, a bheith ag ligean orm féin, a bheith ag caitheamh maisc. Gan sa saol ach pianta fáis. É le foghlaim as an nua agam i gcónaí. Céim ar chéim. Mo bhealach féin le n-aithint ar dtús, ansin le n-aimsiú. Gan aon aingeal coimhdeachta treorach agam ach lámh mar a bheadh i seilbh strainséaraí formhór an ama... strainséaraí dalla” (*Sna Fir*, 198)

Faighimid scéalta eile ó pheann Uí Chonghaile ina mbíonn na carachtair ag iarraidh ualaigh a chailliúint. Níl aon ghearrscéal níos fearr chun an méid sin a léiriú ná ‘Athair’ sa chnuasach gearrscéalta *An Fear a Phléasc*. Feictear buachaill atá ag insint dá athair gur homaighnéasach é. Éiríonn go geal leis an gConghaileach aird agus fiosracht an léitheora a ghabháil ón gcéad líne agus leanann an t-atmaisféar teannasach go dtí an deireadh. Is léir gur ábhar mór inní é don mhac mar cuireann sé teannas na heachtra i gcomparáid leis an am ar cailleadh a mháthair.

“Cén chaoi a mbeadh fios agamsa céard a dhéanfainn- th’éis dom é a inseacht dó-mar nach bhfaca mé m’athair ag caoineadh cheana riamh. Ariamh! Fiú nuair a maraíodh mo mháthair sa timpiste naoi mí roimhe sin, deoir níor chaoin sé, go bhfios domsa.” (*FAP* 147)

Baineann an Conghaileach úsáid an-chliste as an gcomhrá focalsparálach idir an bheirt sa scéal seo. Ní deireann an t-athair mórán le linn an scéil agus is é an rud nach deireann sé a chothaíonn an mí-chompord is suntasaí tríd síos. Feictear nach bhfuil an cumas aige an focal “homaighnéasach” a rá amach os ard fiú amháin.

“Agus tá tú...” a deir sé, ag stopadh mar a dhéanfadh an focal staic stobarnáilte ina scornach, at nó stad mar a bheadh an focal ag breathnú roimhe, féachaint an mbeadh sábháilte teacht amach – nó agus súil b`fhéidir go ndéarfainnse aríst é – an focal sin a rinne fuaim ghlugarnach ina chluasa tamaillín roimhe sin, focal nach móide a múnlaíodh as a scornach tuaithe féin ariamh. Focal strainséartha... Focal nach raibh fiú nath measúil Gaeilge amh dó nó má bhí, ní in aice láimhe.” (FAP, 148)

Léirítear gurbh fhearr leis an athair a bheith ag útamáil thart le rudaí timpeall na cistine in ionad labhairt faoi admháil an mhic. Is ionann an reacaire agus an mac sa scéal seo agus mar thoradh air sin faigheann an léitheoir cur síos tuairisciúil ar chuile rud a dhéanann an t-athair tríd síos ó dhearcadh an mhic de. Is cosúil go dtéann gnáthnósanna an athar ar aghaidh an-fhada ar fad don mhac. Feictear é ag útamáil leis an ‘range’ agus is é an ciúnas mí-chompordach a théann i bhfeidhm ar an mac( Fch. FAP, 149). Éiríonn go geal leis an gConghaileach bá an léitheora a chothú i gcás an mhic agus léiríonn sé cé chomh deacair is a bhí sé don athair a mhothúcháin a nochtadh don mhac. Ní fheictear céard atá á smaoineamh ag an athair tríd síos ach a mhalairt atá fíor i gcás an mhic. Is ó smaointe an mhic a fheicimid an saghas duine é. Feictear gur fear óg íogair maoidhneach é atá buartha faoina athair agus tá sé sásta a athair a chur roimh a mhianta féin in ainneoin go bhfuil a athair níos buartha faoi thuairimí na gcomharsan ná aon rud eile. Músclaítear agus cothaítear teannas iontach ó thús deireadh an scéil seo. Is léir nach bhfuil aon tairní ag an athair ar an saol atá ag a mhac, ach ansin níl an dara rogha aige ach déileáil leis ina bhealach féin. Léiríonn an admháil seo na difríochtaí atá idir an t-athair agus an mac agus léirítear pearsantacht an athar sa chaoi a nglacann sé leis an bhfirinne. Feictear an mac ar a sheacht ndícheall ag iarraidh a chur ina luí ar an athair gurb shin mar atá sé agus gurb shin é an saol.

““Ach bíonn a fhios ag duine atá dhá bhliain is fiche, is dóigh!  
Bíonn a fhios ag chuile shórt faoin saol nuair a bhíonn sé dhá  
bhliain is fiche.”

“Níl sé baileach chomh simplí sin,” a dúirt mé, iontas orm liom féin  
gur tháinig mé leath roimhe.

“ Ó cinnte níl sé simplí. Níl ná simplí.!”

Bhrúigh sé an citeal go leataobh, agus chroch an clár de bharr an  
*range* aríst, mar chineál leithscéal go bhfeicfeadh sé an raibh an tine  
ag lasadh i gcónaí. Bhí.

“Bhí mé ag dul amach léi, mar nach raibh a fhios agam... mar nach  
raibh a fhios agam céard ba cheart dom a dhéanamh, mar go raibh  
chuile dhuine eile de na leids ag dul amach le cailín eicint...”

(*FAP*, 151)

Is trí intinn an mhic a chuireann an Conghaileach in iúl dúinn cé chomh  
deacair is a bhíonn sé do homaighnéasaigh teacht amach agus a rá lena muintir gur  
homaighnéasaigh iad. Ní hamháin go mblaiseann an léitheoir céard a tharla i gcás an  
mhic sa scéal seo ach luann sé na deacrachtaí truamhéalacha a bhí ag a chuid  
“méiteanna” agus “lucht aitheantais i mBaile Átha Cliath” chomh maith. (Fch. *FAP*,  
155) Seans gur cur síos áibhéalach a dhéantar ach ag an am céanna léiríonn sé na  
deacrachtaí a bhíonn ag mionlaigh inár sochaí sa lá atá inniu ann ag déileáil le  
dearcadh sean-fhaiseanta agus cúngaigeanta.

Feictear rian den mhac atá sa scéal ‘Athair,’ sa dráma *Cúigear Chonamara*. Is  
léir gur duine tuisceanach cairdiúil é an carachtar Danny i *gCúigear Chonamara* agus  
tugann sé aire den scoth dá athair, Coilimín. Tá caidreamh grámhar idir an bheirt acu  
agus feictear an gean sin i roinnt de na radharcanna greannmhara. Tá radharc  
greannmhar anseo ina bhfuil Danny ag tabhairt nuachtáin do Coilimín ionas go  
mbeidh sé in ann leathanach a trí a fheiceáil cé go bhfuil meascán mearaí air:

“**Danny:** Tá tú ag iarraidh í a fheiceáil ón dá thaobh an bhfuil?  
Crochfaidh mé suas i do sheomra leapa anocht duit í,  
más maith leat. (*Sos*) Os cionn lampa an Sacred Heart,  
áit a mbeidh an solaisín dearg ag scaladh uirthi.

**Coilimín:** Ó! Ó! Dá gcloisfeadh Meaigí tú. Ná bac. Cuirfidh mé  
faoin bpiliúr í, áit a mbeidh sí níos gaire dom.”

(*CC*;19)

Níor mhiste a lua gurb é Coilimín an chúis ba mhó ar fhan Danny i gConamara. Bhí sé sáinnithe san áit go dtí go bhfuair a athair bás. Tá sé sin le feiceáil roimh bhás Choilimín. Is dóigh gurbh fhearr leis a bheith in ann a chuid mianta a chomhlíonadh ar a shuaimhneas. Is díol spéise é mar i roinnt de shaothar Uí Chonghaile tugtar deiseanna do na carachtair an tsaoirse seo a fháil. Feicimid a leithéid siúd ina úrscéal *Sna Fir* nuair a fhaigheann Eoin Póil an seans a rogha rud a dhéanamh sa chathair mhór. Ach i *gCúigear Chonamara* feictear frustrachas Danny ag méadú mar níl sé in ann éalú ón áit: “Foc an áit seo! Foc Conamara!” (CC, 35)

Feictear nach bhfuil Danny ar a shuaimhneas in éadaí fear agus b’fhearr leis go mór a bheith gléasta suas in éadaí ban. An chéad uair a ghléasann sé suas mar bhean músclaítear bá an léitheora leis nuair a labhraíonn sé amach go hoscailte macánta leis an lucht féachana faoina rogha éadaí. Is é a ionracas a léiríonn cé chomh tábhachtach agus chomh híogair is atá an t-ábhar seo dó agus rinne an Conghaileach iarracht an-mhaith mianta Danny a chur i láthair i gcaoi atá thar a bheith leochaileach:

“Ba chuma liomsa faoi dhul faoi tseans ach (Sos) ach nuair a chuir mé orm iad is an gúna os a gcionn, mhothaigh mé (Sos) mhothaigh mé chomh compordach iad, chomh sócúil, an síoda mín ag slíocadh chomh héadrom le mo chraiceann mar a bheadh sciathán féileacáin....is ar bhealach aisteach mhothaigh mé mo chorp saor. (Sos) Ní ionann is dá mbeinn ag caitheamh croimeasc cúng fáiscthe de threabhsar. Chomh saor sin is gur beag nár cheap mé go bhféadfainn eitilt i m’fheisteas nua. Ní hea. Ach mhothaigh mé mar a bheadh corp nua ar fad bronnta orm. Ní hea, ach mar a bheinn th’éis mo chorp féin a aimsiú. (Sos) Nó mar a bheinn th’éis rud éicint a aimsiú, rud éicint faoi leith nár thuig mé a bhí in easnamh orm nó go bhfuair mé é.” (CC, 59)

Feictear níos déanaí sa dráma nuair nach bhfuil an dara rogha ag Danny ach an fhírinne a inseacht do Cynthia maidir lena rogha éadaí, nach bhfuil easpa misnigh ag baint leis. Is radharc thar a bheith teannasach é nuair a nochtann sé an rún di. Is léir go

bhfuil an bheirt acu go mór i ngrá le chéile. Ach in ainneoin an méid sin taispeánann Danny a ionracas agus a dhoimhneacht sa chaoi a n-insíonn sé an fhírinne di. Is soiléir nach bhfuil Cynthia in ann glacadh leis an eolas seo ach níl Danny chun é féin a athrú mar tá a fhios aige féin cén saghas duine é:

DANNY: Trans. (Stopann) Tá brón orm. Ach sin tús is deireadh an Scéil lena chur lom díreach. Níl aon neart a'm air. Sin an chaoi a bhfuil mé, a Cynthia.  
(Sos) Sin an chaoi a mbeidh mé.

CYNTHIA: Danny! (*Uafás uirthi. Í ag stánadh ar an éadach le súile móra. Scéin inti. Gan í in ann labhairt ná an scéala a thógáil isteach i gceart.*)

CYNTHIA: Danny!

DANNY: Tá brón orm a Cynthia. Mar a dúirt mé-

CYNTHIA: Ach ní fhéadfadh sé seo a bheith fíor.

DANNY: D'fhéadfadh, a Cynthia. Agus tá. (CC, 92)

## Na Carachtair i mBun Smaointe Doimhne

Feictear roinnt scéalta i saothar Uí Chonghaile ina mbíonn smaointe macánta, oscailte, doimhne ar siúl in intinne na gcarachtar. Tugtar seans don léitheoir na fíor-charachtair sna scéalta úd a fheiceáil mar faigheann siad an deis a bheith taobh istigh d'intinn na gcarachtar. Ní hamháin sin ach go hiondúil bíonn na carachtair seo ina reacairí chomh maith le a bheith páirteach sna scéalta. Sampla maith de siúd is ea an scéal “Féincheist” atá sa chéad chnuasach gearrscéalta ó pheann an Chonghailigh, *Mac an tSagairt*. Cuirtear fear óg i láthair sa scéal seo atá croíbhriste ag smaoineamh siar ar roinnt eachtraí a bhí aige lena dhlúthchara. Feictear go raibh siad an-chairdiúil le chéile agus go ndearna siad beagnach gach rud le chéile ó bhí siad óg. Tugtar cur síos thar a bheith taitneamhach don léitheoir ar roinnt de na heachtraí a bhí acu. Léiríonn an saghas Gaeilge atá á húsáid acu an tsaoirse agus an spraoi a bhí acu le chéile:

Bhi stumpaí deasa ann. Cuma an-chainteach scléipeach orthu nó go gcuirfi caidéis orthu. Rinne muid ár ndícheall iad a mhealladh ach ní raibh aon maith ag baint leo. Bhí chuile leithscéal acu. Ní raibh siad ag iarraidh dul chuig an damhsa. Bhí *boyfriends* cheana acu. Ní raibh aon spéis acu ionainn. Bhí daoine eile leo” (MAC, 12)

In ainneoin na gcuimhní deasa a bhí acu le chéile tá an reacaire cráite le haiféala agus ciontacht tríd an scéal. Tá sé dá cheistiú féin faoi eachtraí na hoíche deireanaí a chaith sé lena chara roimh a fhéinmharú. ‘Is furasta tuiscint don tráchttaire agus é mearaithe ag ceisteanna nach bhfreagrófar go sásúil go deo. Is furasta ionannú leis an mí-shuaimhneas a bhraitheann sé agus é i láthair thost neamhghéilliúil an bháis’ (Ní Dhonnchadha, 1987, 27). Éiríonn go geal leis an gConghaileach aird an léitheora a dhíriú ar a fhulaingt agus músclaítear bá as cuimse leis:

“ Bhí faobhar san oíche. Ní raibh solas lasta in aon cheann de na tithe. Bhí sé féin ina thost ar feadh an bhealaigh. Is minic ó shin a bheadh áthas orm dá labhródh sé...faoi rud ar bith chun go mbeadh cuimhne agam ar an aistear sin. Ní bheadh fhios agat céard a déarfadh sé dá ndéarfadh tada. Níor sheas muid ach dhá tic ag an ngeata. Go deimhin ba chuma liom ar deireadh, agus is gráin liom é a rá anois, ach éalú abhaile uaidh ón bhfuacht.” (MAC, 18)

Feictear macasamhail an scéil ‘Féincheist’ sa scéal ‘An Teachtaireacht’ sa chnuasach gearrscéalta céanna. Sa scéal seo ní hionann an reacaire agus an príomhcharachtar. Mar thoradh air sin tugtar saoirse don údar seasamh siar agus fulaingt intinne an phríomhcharachtair a chruthú don léitheoir i slí chumasach shimplí. Níl an scéal chomh corraitheach is atá ‘Féincheist’ de bharr an scéal a bheith scríofa sa tríú pearsa ach ar bhealach tá na smaointe níos fealsúnta ann. Tugtar níos mó sonraí agus siombail ann a thaispeánann an chaoi a bhfuil Seán Máirtín ag mothú in áit a smaointe féin a nochtadh go neamhbhalbh don léitheoir. Feictear íomhá an-réalaioch, inchreidte, mar a bhfuil fear ag líonadh uaigh a charad. Titeann an lug ar an

lag aige nuair a thosaíonn sé ag smaoineamh go domhain den chéad uair riamh ar céard go díreach atá tar éis tarlú agus céard atá i ndán dó féin anois. Is meascán iontach é an scéal seo de chuimhní an tsaoil a bhí ag an mbeirt fhear le chéile agus anois le duine amháin acu marbh tá Seán Mháirtín ag machnamh ar an aistear éiginnte sceirdiúil atá amach roimhe:

“Gheit sé go tobann óna thromluí mar a bhainfí truisle as. Ling a chroí go fiáin pras agus phreab faoi luas cumhachtach in aghaidh ballaí a chléibh. Den chéad uair ina shaol smaoinigh sé go goilliúnach lena intinn thollta a bhí á phriocadh... Micil Phádraic Teaimín Ó Súilleabháin a bhí níos óige ná é agus ina chompánach aige i gcaitheamh a shaoil... caillte agus curtha cheana féin...cuireadh inniu é. (MAC, 70)

Scéal eile sa chnuasach céanna ina bhfuil carachtar i mbun smaointe doimhne is ea an scéal teidil ‘Mac an tSagairt’. Tá sé scríofa sa tríú pearsa rud a thugann deis don údar dearcadh oibiachtúil a nochtadh ar an ábhar. Níl mórán eolais tugtha don léitheoir sa scéal seo faoin bpríomhcharachtar seachas go bhfuil sé trína chéile le buairt agus le himní na hoíche deireanaí roimh a oirmiú mar shagart. Cuirtear é i láthair mar fhear uaigneach buartha agus is léir go bhfuil sé ag dul trí thranglam intinne. Is follas go bhfuil dabhtanna substaintiúla aige maidir leis an ngairm atá i ndán dó ach níl an misneach aige éirí as. Tá sé ag cur thoil a thuistí féin roimh a shástacht féin Tá sé ag iarraidh a chur ina luí air féin nach ionann é agus a athair mar theip ar a athair mar shagart. Ach baintear úsáid as cúiseanna neamhshubstaintiúla mar é a bheith ina shagart in ionad aon rud coincreíteach. Is léir go bhfuil amhras mór air faoin tsagartóireacht agus in ionad a bheith ag déileáil leis an amhras seo tá sé ag machnamh ar a lá mór in áit é a bheith ag machnamh ar a shaol tar éis a oirithe. Úsáidtear an focal ‘dualgas’ trí huaire chun cur síos a dhéanamh ar a smaointe maidir leis an tsagartóireacht:

“Bheadh a lá mór féin ann amárach. Lá a bhí ag neadú ina intinn le tamall. Lá a shamhlaíodh sé go minic ó tháinig sé chuig an gcoláiste... go háirithe dá mbeadh aon aimhreas air. Bhí glóire uasal ag baint leis an lá... ach bhí i bhfad níos mó ná sin freisin. Bhí naofacht, rúndiamhracht ag baint leis an lá... agus leis an ócáid... Bhí fiú amháin rud eicint nárbh fhéidir a mhíniú, nárbh ghá a mhíniú is dóigh... Bhí a mhachnamh déanta aige le tamall anuas, go háirithe le seachtain... as féin... as a stuaim féin. Bhí a intinn spíonta amach. Ach bhí sé chomh cinnte sin... bóthar aonaránach a chuir sé roimhe ar bhealach... aistear uaigneach a bheadh ann in amanta freisin. Ach bheadh aisíoc le fáil chreid sé... bheadh mar a bheadh pota óir ag bun an bhogha ceatha. Bhí sé ann le fáil ach é a aimsiú. Bhí dualgas air... Bhí dualgas air b’fhacthas dó toil Dé a dhéanamh, dlí Dé a leanacht, briathar Dé a scaipeadh” (MAC, 29)

### Na Mná i Saothair Uí Chonghaile

Cé nach bhfuil mórán ban ina chuid scéalta is fiú féachaint ar an saghas forbartha a dhéantar orthu. Is éacht é an scéal dar teideal ‘An Díbirt’ sa chnuasach *Mac an tSagairt*. “Is é ceann de na scéalta is iomláine agus is coscraí sa leabhar, dar liom, ach go bhfuil idir dhrámatúlacht agus fhearg agus chion fite tríd mar chuid de ghréasán na reacaireachta” (Titley; 1987, 42). Úsáidtear an modh inste céanna leis an scéal ‘Mac an tSagairt.’ Feictear bean óg darb ainm Máirín sa scéal seo atá díreach tar éis a chloisteáil go bhfuair a hathair bás. Is léir gur dhíbir a hathair í óna háit chónaithe ceithre bliana déag ó shin de bharr í a bheith ag iompar clainne. Cé gur tharla an eachtra seo tamall fada ó shin tá an phian agus an fhulaingt fós á crá agus í ar a bealach anall go tórramh a hathar. Forbraítear atmaisféar teannasach ó thús deireadh an scéil. Cé gurb é an t-athair a dhíbir Máirín ón teach ní raibh sí sa bhaile ó shin agus tá sí inmíoch faoi céard atá i ndán di sa bhaile. “Baineann easpa siúrála le cuid den gcur síos ar an mbean óg ag bualadh lena máthair den chéad uair ó díbríodh as an teach agus as an tír í” (Ní Dhonnchadha, 2002, 199). Sampla de siúd is ea: “D’fhéach siad sna súile ar a chéile. Tháinig múisc náire ar Mháirín nuair a léigh sí

aghaidh a máthar ach chonaic sí an maiteanas taobh thiar dá fíoracht” (MAC, 49)

Faoi dheireadh nuair a fhaigheann Mairín í féin ina haonar le corp a hathar níl sí in ann fáil réidh le céard a rinne sé di cé go bhfuil a grá dó le feiceáil san am céanna:

“ Choisric sí í féin agus chuaigh ar a dá ghlúin ag ceann a hathar. Nárbh uirthi a bhí an smál damanta, ach ba dhris ghangaideach uaibhreach a bhí ann féin freisin nár thuig a iníon óg. Nach iomaí iníon eile ar tharla an cleas céanna di. Tharla fiú faoi dhó agus trí huaire do chuid acu agus ní bhfuair fiú íde béil. Ghlac a muintir leis. Ach eisean. Fear meata. Rinne ciseach dá saol fiú má bhí sí féin as marc. Rinne deoraí aonraic faoi chumha di. Bhí aiféala uirthi. Ach b’ é a hathair é, is bhí sé marbh anois. Mhaolaigh an nimh a bhí ina croí ach níor mhúch.” (MAC, 50-5)

Scéal éachtach, corraitheach eile ina bhfeicimid ócáid íogair, mhaoithneach trí shúile na mná is ea ‘Comhaduimhreacha’. Tugtar cur síos cumasach, éifeachtach dúinn sa scéal seo ar atmaisféar teannasach faoi chúpla, atá ag feitheamh i gcóir ginmhille i seomra feithimh chlinic i Sasana. Is léir gur de bharr claonta cúngaigeanta na sochaí sa bhaile, an chúis ba mhó a bhí Nóra i Sasana i gcóir an ghinmhille seo. “Dá mbeadh a fhios acu anois gur anseo a bhí sí sa riocht seo” (MAC, 55). Níl sí ag iarraidh a bheith ann i ndáiríre agus níl fiú amháin a fhios aici céard atá i gceist leis an obráid seo. Tá meascán mór smaointe agus mothúchán ag borradh ina hintinn agus níl a fhios aici céard ba cheart di a dhéanamh. Is cur síos iontach cumasach a fhaighimid de bhean atá ag dul as a meabhair le himní agus neirbhís faoina bhfuil i ndán di agus i ndán dá leanbh. Cé go raibh gnáthrudáí sa seomra feithimh cosúil le hirísí “Woman’s Way” níor mhothaigh an t-atmaisféar ceart ná cóir di agus bhí a hintinn agus a corp ag rá an méid sin léi ó thús deireadh an scéil. Ceann de na rudáí a chuir as go mór di, ná an chaoi mheicniúil ina raibh daoine eile in ann teacht isteach sa seomra feithimh i gcóir na hobráide amhail is nach raibh aon rud mí-cheart ná mí-eiticiúil léi. Fuair Nóra amach, áfach, nach raibh sí cosúil leo siúd agus chuir an cúpla a bhí ag fanacht sa seomra feithimh lena mbuachaill óg isteach go mór ar Nóra. Cheap sí gur ghníomh

uafásach leithleach dóibh deartháir nó deirfiúr an bhuachalla óig shaonta sin a ghoid uaidh. Ón bpointe seo ar aghaidh ní dóigh liom gurbh fhéidir le Nóra dul ar aghaidh leis an nginghilleadh a fháil. Músclaítear agus cothaítear bá an léitheora le Nóra agus Peadar sa scéal seo tríd síos agus cuirtear a mbuairt intinne os comhair an léitheora i gcaoi thar a bheith tuairisciúil:

“Chuir áilleacht agus dílseacht an ghasúirín mearbhall uirthi. Mhothaigh sí mar a bheadh a gin féin ag borradh go mífhoighneach ina broinn ag iarraidh í féin a phógadh. Bhraith sí díolta ar bhealach eicínt. Chreid go daingean go raibh an duine istigh ag aontú léi. Tháinig nimh dhearg ina croí. An chailleach sa mbaile. An sagart paróiste lena aigne mheánaoiseach. D’at a hintinn féin le ráig choilg. Ba mhaith léi tosú ag réabadh. Bhí fonn uirthi rith amach”  
(MAC, 63)

Is dóigh gur cineál scigaitheis é teideal an scéil ‘An tSacraimint’. Ba cheart go mbeadh an pósadh ina shacraimint shásúil nó ar a laghad ócáid cheiliúrtha ach a mhalairt atá fíor sa scéal seo. Ó thús deireadh an scéil seo faigheann an léitheoir fear nach bhfuil píos sásta lena shaol pósta. Is léir go mbíonn sé ar an drabhlás an t-am ar fad agus is cuma leis faoina bhean chéile i ndáiríre. Tá nósanna seanaimseartha aige faoina bhean chéile, gur cheart di a bheith ina searbhónta dó agus gur cheart di a mhianta collaí a shásamh pé uair ar mhaith leis é. Ní bhuaitear leis an mbean sa scéal seo ar chor ar bith. “Trí mheán stíl ghéar fhaobhrach na hinsinte, músclaítear agus cothaítear bá an léitheora leis an mbean chéile atá céasta ag a saol agus í ceangailte le suarachán gairgeach gáirsiúil nach cás leis a bhean ná a chúram” (Ní Dhonnchadha, 2002, 123). Is cúis faoisimh don léitheoir go n-imíonn an bhean chéile uaidh ag deireadh an scéil:

An fuacht a bhaineann geit asat i dtosach. Fuair leapan... beagnach tais fiú. Snámhann timpeall do lámha go braiteach. Ó fhuacht go fuacht. Ó phosta go posta. Imithe. Imithe agus Brídín crochta léi ag an mbitseach. Gan tada a rá. Anois céard déarfá... ach céard a dhéanfá? Imithe tar éis cainteanna an tsagairt ar an gcolscaradh... toil Dé... bheith foighneach... guí... níor dhúin Dia

doras ariamh nár.....foighid....thiocfadh rath. Thiocfadh....cac.”  
(MAC, 38-40)

Saothar eile de chuid an Chonghailigh ina bhfeictear bean lách, chneasta is ea an dráma *Cúigear Chonamara*. Ó thús deireadh an dráma seo feictear gur bean uasal í Meaigí atá lán toilteanach mianta agus sástacht daoine eile a chur roimh a sonas féin. Is bean chabhrach, chroíúil, thuisceanach í Meaigí. Bhí sí mar sin le chuile dhuine ar casadh uirthi le linn an dráma. Ní labhraíonn sí drochfhocal riamh faoi éinne. Taispeánann céard a deireann sí faoi Dharach an méid sin dúinn: “Fear maith é Darach é féin cé go mb’fhéidir nach gceapfa sin ón sclafairt a bhíonn air” (CC, 100). Cothaítear bá an léitheora léi nuair a insíonn sí do Cynthia go raibh sí geallta le Coilimín uair amháin. Cé nach bhfuil sí pósta leis taispeánann sí gean dó le linn an dráma ar fad agus seans láidir go dtaispeánann sí níos mó grá dó ná aon bhean chéile. Is léir go raibh sí fós i ngrá leis go dtí a bhás agus léirítear a briseadh croí don léitheoir i ndiaidh a bháis chomh maith: “Tá mo shaolsa imithe le Coilimín. Bhí sé chomh maith dom a bheith- bhí sé chomh maith dom” (CC, 111). Nuair a bhí Coilimín beo thug Meaigí aire den scoth dó agus ba chúis mhór faoisimh do Danny go raibh sí ann chun comhlúadar a thabhairt dó.

Is í Cynthia an dara bean sa dráma *Cúigear Chonamara*. Bean mhisniúil go pointe áirithe ba ea í, ach ní raibh an doimhneacht cheannann chéanna aici is a bhí ag Meaigí sa dráma. Léiríonn sí misneach nuair a bhíonn sí ag déileáil le Darach agus tá an cumas aici seasamh suas ina choinne. Ach in ainneoin an mhisnigh sin ní thaispeánann sí mórán tuisceana ar chás a leannáin Danny nuair a fhaigheann sí amach gur trasghléasaí é. Cé go raibh siad ceaptha a bheith geallta, d’athraigh sí a meon faoi Danny nuair a fuair sí amach an fhírinne faoi. Léiríonn sí a meon cúng-aigeanta ar an ábhar, rud a chuireann isteach go mór ar Danny. Feictear nach bhfuil an

cumas aici idirdhealú a dhéanamh idir an trasghléasadh agus an duine. Is rud íorónta é gurb í meon Cynthia a bhriseann suas an caidreamh a bhí eatarthu agus níl an locht ar Danny. Cé nár inis Danny a rún do Cynthia cothaítear bá an léitheora leis in ionad le Cynthia agus tugann an Conghaileach deis do Cynthia í féin a ligean síos mar dhuine:

“DANNY: Agus cén fáth nach bpósfadh?

CYNTHIA: Go mbeinn pósta le...le...le (*Sos*) cineál freak. Go mbeinn stuck leis. Go mbeadh a threabhsar inniu air is mo ghúna amárach, ab ea?

DANNY: Ní hin é. Dá ligfeá dom míniú.

CYNTHIA: Ní gá míniú. (*Ag féachaint timpeall ar na héadaí*)

DANNY: Tá brón orm, a Cynthia. Dá dtuigfeá-

CYNTHIA: Ná labhair ar thuiscint, a deirim! Cuireann tú féin is do sheomra fonn múisce orm” (*CC*, 94)

### **Na carachtair ag éirí níos aibí iontu féin**

I roinnt de na scéalta baintear úsáid as na carachtair chun rud eicint a rá faoin tsochaí ina maireann siad. Go hiondúil i roinnt scéalta de chuid an Chonghailigh bíonn na fadhbanna pearsanta céanna ag crá na gcarachtar ach bíonn bealaí difriúla acu chun déileáil lena gcuid fadhbanna. D’athraigh sochaí na hÉireann go mór ó lár na n-ochtóidí, an t-am ar foilsíodh *Mac an tSagairt* go tús na mílaoise nua an t-am ar foilsíodh *An Fear nach nDéanann Gáire*. Mar sin tá athruithe suntasacha tar éis tarlú do charachtair Uí Chonghaile ó thosaigh sé amach ag scríobh go dtí gur foilsíodh an cnuasach gearrscéalta is deireanaí uaidh, mar atá, *An Fear nach nDéanann Gáire* (2003).

Feictear carachtair atá i bhfad níos oscailte, níos aibí agus níos féinmhuiníní sa chnuasach *An Fear Nach nDéanann Gáire* i gcomparáid leis na carachtair a bhí cráite le buairt agus imní croí sna cnuasaigh ghearrscéalta agus sna húrscéalta eile a tháinig roimhe. Ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil fadhbanna pearsanta acu, mar tá, ach tá níos mó misnigh agus taithe acu, gné a chabhraíonn leo déileáil lena gcuid fadhbanna. Mar

thoradh air sin tugtar scóip agus fairsinge níos leithne do na carachtair iad féin a fhorbairt agus feictear carachtair níos críochnúla agus níos deimhní sa chnuasach seo dá barr.

Sa scéal ‘Caillte i gConamara’ sa chnuasach gearrscéalta *An Fear nach nDéanann Gáire* cuirtear fear i láthair atá tar éis a leannán a chailleadh. Is follas go bhfuil sé croí-bhriste tríd síos agus seans láidir gur tháinig sé ar ais go Conamara chun suaimhneas intinne a fháil ionas go mbeidh sé in ann déileáil leis an méid a tharla dá leannán. Is ionann an reacaire agus an príomhcharachtar sa scéal seo agus tugann an méid sin deis don léitheoir íogaireacht an reacaire a fheiceáil. Is léir go bhfuil sé an-chorraithe agus go bhfuil meascán mór mothúchán ina intinn. Tá sé ag smaoineamh siar ar na laethanta deasa a chaith said le chéile sula bhfuair a leannán bás. Feictear na deacrachtaí a bhí acu lena homaighnéasacht nuair a bhí siad le chéile agus an chaoi a raibh orthu an lámh in uachtar a fháil ar thuairimí na ndaoine ag an am. Tugann fiántas thírdhreach Chonamara an deis don reacaire na cuimhní seo a bheith aige ina aonar agus ar a shuaimhneas. Feictear cé chomh teannasach is a éiríonn an t-atmaisféar nuair a chuireann cúpla eachtrannach isteach ar an reacaire agus é ag smaoineamh siar ar na laethanta a chaith siad le chéile. Níl ach treoracha ag teastáil uathu ach níl a fhios acu go dteastaíonn ón reacaire a bheith ina aonar. Ar dtús níl an reacaire pioc deas leo go dtí go n-insíonn sé a scéal dóibh. Is ansin a mhaolaíonn an teannas nuair a fheiceann sé meon na nGearmánach agus seans láidir gurb í sin an ócáid is mó a thugann misneach dó déileáil leis an bhfirinne, is é sin go bhfuil a leannán marbh:

“Fiafraíonn sé díom ansin céard atá ar bun againn. Insím dó. Cásaíonn sé mo thrioblóid liom ag déanamh comhghairdeachais liom san am céanna. Go raibh maith agat, a deirimse leis faoi dhó agus roinneann sé mo chás lena chompánaigh atá ina seasamh cúpla

coisméig taobh thiar de. Tosaíonn duine de na mná ag caoineadh as éadan agus bíonn an dara bean ag iarraidh sólas a thabhairt di. Deir an bhean nach bhfuil ag gol gur mhaith léi féin fanacht linn, go mbeidh Árainn i gcónaí amárach ann, gur seandálaithe iad atá ag iarraidh dáta a chur ar chorp a fritheadh in Árainn, ach go mbeidh lá eile ann. Is suarach an méid é lá amháin eile do chorp duine atá básaithe leis na mílte bliain, théis an tsaoil, a deir an bhean eile trína holagón. Fáilte romhaibh, a deirimse. Fáilte is fiche romhaibh. Dá mhéad dá bhfuil againn ann” (*FNNG*, 20)

Is ionann an reacaire agus an príomhcharachtar sa scéal ‘An Díoltóir Tí’. Mar sin déantar smaointe an reacaire a nochtadh go neamhbhalbh don léitheoir. Ag tús an scéil cuireann sé é féin in iúl le ráiteas a léiríonn nach bhfuil aon suim aige i dteach nua a cheannach. “Níor theastaigh aon teach nua uaim, ar aon nós” (*FNNG*, 115) Ach in ainneoin an méid sin ligeann sé air agus é ag plé leis an gceantálaí go mb’fhéidir go bhfuil suim aige ann. Níl mórán ar intinn an reacaire seachas an ceantálaí. Is follas go bhfuil sé an-tarraingteach dó agus léirítear an méid sin go soiléir don léitheoir. Is scéalthar a bheith reibiliúnach agus conspóideach é ar bhealach agus léiríonn sé dánacht nua i scríbhneoireacht an Chonghailigh. Feictear cé chomh hoscailte agus féinmhuinéach is atá an reacaire leis an léitheoir maidir lena homaighnéasacht. Cothaíonn an mhacántacht seo caidreamh spéisiúil idir an léitheoir agus an reacaire ó thús deireadh an scéil. Ní léirítear mianta collaí an cheantálaí don léitheoir agus seansláidir gurb é sin an rud a chothaíonn an t-atmaisféar agus a choimeádann an léitheoir ar bís. Feictear anseo an ceantálaí ag taispeáint an tí don reacaire. Is léir go bhfuil splanc idir an bheirt acu cé nach féidir leis an léitheoir a bheith cinnte an bhfuil na mianta collaí céanna ag an mbeirt acu:

“Cónaíonn tusa leat féin, an gcónaíonn?” a dúirt sé, mar ráiteas níos mó ná mar cheist. Chuimhnigh mé go mb’fhéidir go raibh sé ag smaoinearm ar an inneall triomaithe éadaigh a bheadh thar a bheith áisiúil dom, dar leis. Chomh maith agus dá mbeadh a

fhios aige céard a bheadh áisiúil domsa, a dúirt mise liom féin ansin. Má chónaigh sé féin leis féin shamhlaigh mé gur duine é nár chaith mórán ama ina theach ná ina árasán. Chuir sé a leathlámh siar trína chuid gruaige faoi dhó ansin agus shlíoc barr a chluaise clé leis an lámh chéanna amhail is dá mbeadh tochas inti.

“Má thagann tú in airde thuas staighre liom,” a dúirt sé, “spáinfidh mé na seomraí leapa duit”

“Is tá leithreas beag breise fén staighre ansan,” a dúirt sé agus muid ag dul thairis. Ag bun an staighre sheas sé siar de leataobh go múinte agus lig domsa dul suas roimhe” (FNNG, 118)

Leanann an Conghaileach lena nós scríbhneoireachta maidir le tuiscint a chothú sa léitheoir ar chás an reacaire sa scéal “An Fear Gorm” sa chnuasach gearrscéalta *An Fear Nach nDéanann Gáire*. Labhraíonn an reacaire leis an léitheoir ón gcéad abairt sa scéal seo ionas go bhfuil an léitheoir páirteach sa scéal gan mhoill. “Meas tú nach é féin a tháinig chugamsa an chéad lá ariamh” (FNNG, 79) Cuirtear an reacaire i láthair mar fhear a bhí pósta le clann tráth dá raibh ach anois tá sé i gcaidreamh collaí le fear gorm. Cé go bhfuair a bhean chéile bás is léir gur homaighnéasach é an t-am ar fad. Is léir nár chomhlíon sé na mianta seo nuair a bhí a bhean chéile beo ach ag an am céanna tá sé ag iarraidh tuiscint an léitheora a dhíriú ar a chás féin, rud a éiríonn leis a dhéanamh. Is díol suime é gur tugadh an t-ainm “An Fear Gorm” don fhear a bhfuil sé ag dul amach leis. Is ciúta cliste é sin mar cuireann sé béim ar an bpointe gur eachtrannach é an fear eile. Is léir go raibh an-mheas ag an reacaire ar a bhean chéile ach go raibh sé ag dúnadh na caibidle sin ina shaol agus nach raibh easpa misnigh air anois seasamh suas i gcoinne tuairimí ciníocha na ndaoine áitiúla nuair a bhuail siad leo. Feictear cé chomh cliste is a bhí an reacaire mar in ionad é féin a ligean síos baineann sé úsáid chliste as a stuaim féin chun a stádas homaighnéasaigh a dhingeadh abhaile orthu:

“An bhfuil Gaeilge ar bith aige?” a fiafraíodh díom lá agus mé thíos ag an ionad siopadóireachta. Ag iarraidh mé a chur i bponc a bhíodhas, creidim. “Níl teanga ar bith aige,” a deirimse, agus mé chomh glic le lucht mo choisithe. “Teanga ar bith beo, ach tuigeann sé chuile theanga.” Sílim gur thóg sé tamall orthu mo ráiteas a thuiscint, gur chaith siad an chaint a athrá is a scoilteadh eatarthu féin cúpla babhta. Shilfeá gur crosfhocal agus nach duine maith saolta a labhair leo.” (*FNNG*, 82)

Tá forbairt shuntasach le feiceáil sna carachtair mar sin ó thosaigh an Conghaileach amach ag scríobh. Is léir go bhfuil siad i bhfad níos aibí iontu féin ná mar a bhíodh siad. Ach fós féin tá siad ag iarraidh a bhféiniúlacht féin a oibriú amach sa tsochaí ina maireann siad. Feictear go minic iad suaite agus iad cráite le fadhbanna. Ach ní gnáth-fhadbanna iad. Is fadhbanna pearsanta inmheánacha iad. Díríonn an Conghaileach aird an léitheora ar chruachás na gcarachtar úd agus i gcuid mhaith de na scéalta méadaíonn ar thuiscint an léitheora ar chás na gcarachtar. Sa chéad chaibidil eile féachfar ar roinnt carachtar a mhúsclaíonn conspóid de bharr a n-iompair agus a gcuid smaointe ar chúrsaí an tsaoil.

## Caibidil 2

### Ábhair Chonspóideacha

#### Réamhrá

Is léir gur scríbhneoir nua-aimseartha, spreagúil, réabhlóideach é Mícheál Ó Conghaile. Níl faitíos dá laghad air a bheith conspóideach ina chuid scríbhneoireachta. Tá sé sin an-soiléir ón gcéad chnuasach a scríobh sé i lár na naochtóidí *Mac an tSagairt* go dtí na saothair is deireanaí atá scríofa aige. I dtosach na caibidle seo beifear ag féachaint ar an tslí a gcuirtear na téamaí conspóideacha seo i láthair i gcomhthéacs thuairimí na hEaglaise Caitlicí. Is léir go dtógfadh sé scríbhneoir thar a bheith misniúil agus cróga chun tabhairt faoi théamaí a cheistíonn roinnt de bhun-tuairimí na hEaglaise ag an am. Feicfear nach laghdaíonn an t-easaontas idir scríbhneoireacht Uí Chonghaile agus teagasc na hEaglaise Caitlicí le linn na saothar is deireanaí uaidh. Sa dara cuid den chaibidil beifear ag féachaint ar an tslí a gcuirtear mianta na gcarachtar i láthair i gcomhthéacs na sochaí ina maireann siad. Is dóigh go bhfuil an Conghaileach ag iarraidh a bheith conspóideach sa chaoi ina gcuireann sé fadhbanna na gcarachtar seo i láthair. Cé gur dúshlán é seo do scríbhneoir a bheith conspóideach mar aon le taitneamhach, éiríonn thar cionn leis ar bhealach ealaíonta sciliúil trí chur síos tuarascálach báúil a thabhairt ar eachtraí na gcarachtar.

#### Conspóideach ó thaobh na hEaglaise de.

Is dóigh gur ábhar cainte é teideal an chéad chnuasaigh gearrscéalta ó pheann Uí Chonghaile *Mac an tSagairt*. Nuair a dhéantar anailís air, is léir gur d'aon ghnó a

bromadh an teideal sin air. Spreagann an teideal seo fiosracht agus suim sa léitheoir ón tús. Is teideal conspóideach é gan dabht agus nuair a cuireadh pictiúr de bhean nocht ar chlúdach an leabhair is dóigh go raibh an Conghaileach ag iarraidh aird an phobail a tharraingt i dtreo an leabhair. I scéal teidil an chnuasaigh seo feictear dabhtanna substaintiúla ag rith trí intinn an phríomhcharachtair ó thaobh chúrsaí sagartóireachta de. Tá i bhfad níos mó smaointe diúltacha ná smaointe dearfacha aige. Cuirtear in iúl don léitheoir trí smaointe an mhic a léiriú gur cineál bealaigh éalaithe é an t*slí* bheatha seo don mhac. Is léir nach bhfuil sé ar a shuaimhneas agus é ar tí dul isteach sa ghairm agus go raibh níos mó ná neirbhís ag baint leis. Feictear meon diúltach faoin Eaglais Chaitliceach sa scéal seo. Tá sé ar nós go dtéann daoine nach bhfuil in ann glacadh le fadhbanna an ghnáthshaoil le sagartóireacht ionas go mbeidh siad in ann fáil réidh lena bhfadhbanna pearsanta:

“Go deimhin ba shábháilt dó a naofacht agus a ghairm i gcoinne an tsaoil sin. Cineál piolla aisteach a bhí ina chreideamh dó. Piolla a chuir cosc ar bhrioglóidí, ar smaointe, ar fhálróidíocht. Bhí an méid sin de bhua aige....Maide éamoinn i gcoinne gála. Cúl taca láidir seasta. Cúl taca a chreid sé nach gclisfeadh air. Cúl taca a bhí mar leasú dá mheon is dá thoil... Bhí síocháin le fáil sa gcreideamh go léir, sa naofacht go léir. Ach bhí níos mó ná sin a dúirt sé leis féin. Bhí foscadh le fáil taobh thiar de na pictiúir bheannaithe, de na bratacha dubha, de na róbaí Aifrinn...Bhí cosaint le fáil ina leithéidí siúd....cineál éalú b’fhéidir....calm intinne” (MAC, 27)

Scéal eile atá thar a bheith conspóideach is ea ‘An t*Sacraimint*’ sa chnuasach *Mac an tSagairt*. Cuirtear fear leithleach cruálach i láthair sa scéal seo. Is cuma leis faoina bhean chéile.

“Fearg agus frustrachas do-shrianta an fhir atá ceaptha i ndol an phósta atá i dtreis ó thosach deireadh an scéil; é ag santú agus ag samhlú caidrimh ghnéis le mná óga fonnmhara agus é ag milleánú is ag damnú a mhná mífhortúnaí ar feadh an achair” (Ní Dhonnchadha, 2002, 123)

Seans go mbaintear siar as an léitheoir de bharr an tslí ghránna a labhraíonn an fear seo faoina bhean chéile. An rud is measa ná go leanann sé leis an bpatrún sin ar feadh an scéil. Taispeánann sé cé chomh sean-fhaiseanta, mídhaonna is atá sé tríd síos.

“In ainneoin gur trí shúile an fhir amháin a fheicimid an scéal braithimid i gcónaí go bhfuil éagóir á déanamh ar an mbean agus déanaimid gairdeachas um a dheireadh nuair a thuigimid go bhfuil sí imithe ag lorg a saoirse, a cirt, agus b’fhéidir a sásaimh phearsanta féin.” (Tittley, 1987, 42)

Feictear sa sampla anseo cé chomh maslach is a bhí an fear seo dá bhean chéile:

“Ná labhair ar ruainne craicinn níos mó. Bhí an-mhaith imithe asti. Bhí. Righin. Gortach. Bhí a cuid craicinn buailte. B’fhurasta í a bhualadh go deimhin an lá b’fhearr a bhí sí. Dá mbeadh fhios a’ d’é... Cén maith sin anois. Bhuailfeása craiceann fós. Tuige nach mbuailfeá? Céard eile a d’fhéadfá a dhéanamh le bod ina sheasamh? Iompú uirthi. Iompú ar ché. Uirthi siúd. Í siúd a bheadh casta uait sula mbeifeá leathiompaithé chuici. A leithéide. Bheadh sé chomh maith dhuit dul suas ar chruach mhóna.” (MAC, 34)

Feicimid scéal eile sa chnuasach *Mac An tSagairt* ina bhfuil beirt leannán ag dul trí thranglam intinne sa scéal ‘Comhaduimhreacha’. Is scéal brónach, truamhéalach é seo ar go leor bealaí. Tá teannas dochreidte ann tríd síos agus ní fhágtar mionsonra ar bith ar lár sa scéal de bharr an léirithe a dhéantar ar aigne Nóra. Léiriú iontach corraitheach a dhéantar uirthi. Is léir gur téama thar a bheith misniúil é téama an ghinmhille san am ar scríobhadh an scéal. Seans go dtéann briseadh croí, éadóchas agus réimse mór mothúchán na beirte i bhfeidhm go mór ar an léitheoir. In ionad an léitheoir a bheith ag ceistiú na leannán sa scéal, tá sé fágtha le ceisteanna maidir leis an tsochaí ina maireann siad. Is léir ó insint an údair gur daoine tuisceanacha iad Nóra agus Peadar ach nach mar sin atá an tsochaí nó na húdaráis. Ní daoine leithleacha iad sa scéal seo mar tá siad ag smaoinreamh ar dhaoine eile seachas orthu féin:

“Cháinfeadh na heaspaid go gangaideach iad. Cén smál a tháinig chor ar bith uirthi?...” (MAC, 54). Is de bharr tuairimí cúngaigeanta mí-thrócaireacha den saghas sin atá siad ann ar an gcéad dul síos. Is íorónta an rud é go mbeadh tuairimí na

hEaglaise ag cur brú ar dhaoine ginmhilleadh a fháil agus é díreach i gcoinne theagasc na hEaglaise. Tá siad buartha faoi thuairimí na ndaoine eile sa bhaile chomh maith. ‘An chailleach sa mbaile’ (MAC, 63). Tá sé soiléir nach bhfuil suim dá laghad ag Nóra fáil réidh lena páiste ar chor ar bith. Mhóthaigh sí go raibh sí díolta agus is féidir leis an léitheoir a déistin a mhothú ar an ábhar.

Meon amháin is ea bheith mícharthanach míChríostaí leis an té nach leanann rialacha an phobail maidir le hiompar is le béascna, meon eile ar fad is ea ginmhilleadh a lorg mar nach n-oireann an leanbh duit toisc go dtagann sé sa tslí ar chompord nó ar an saol socair laethúil. (Titley, 41, 1987)

Titeann Nóra isteach sa chéad chuid den ráiteas thuas agus mar thoradh air sin is coimhthíoch uaigneach í i gclinic neamh-phearsanta i Sasana. Is díol suime é ainm na hirise a bhí sa seomra feithimh, mar atá, ‘Woman’s Choice’. B’fhéidir go raibh rogha ag na mná eile maidir leis an nginmhilleadh ann ach ní raibh an rogha sin ag Nóra. Ba iad fórsaí na sochaí agus tuairimí na hEaglaise a chuir an brú uirthi dul i gcóir ginmhille. Baintear úsáid chliste as ainm an dochtúra ‘An Dochtúir Whitelaw’. Cé gur ghníomh mí-dhleathach é ginmhilleadh a fháil in Éirinn ag an am ní raibh an dara rogha ag roinnt ban Éireannach ach dul go Sasana i gcóir na hobráide.

Sa scéal ‘Leabhar na bPeacaí’ sa chnuasach gearrscéalta *An Fear A Phléasc* cuirtear beirt chléireach i láthair ag tús an scéil leis an ráiteas: “Bhí an moinsíneoir bréagach. Bhí a shagart cúnta beagnach chomh bréagach leis.” (FAP, 65) Ba cheart go mbeadh an bheirt chléireach ag cabhrú le seanbhean atá ar tí bás a fháil ach a mhalairt atá fíor. Tá a fhios ag an tseanbhean an saghas meoin atá i gceist agus níl sí sásta glacadh lena gcuid tuairimí faoin Eaglais Chaitliceach. Is íorónta é go leanann na cléirigh ag labhairt os a comhair cé go bhfuil siad ag cur isteach uirthi i ngan fhios dóibh féin. “Ach bhí sí saor ó phian ar a laghad ar bith. Bhí, seachas an tochas seanmóireachta cuileogach, a d’fhág guthanna an mhóinsíneora agus a shagairt chúnta

sáite ina cluasa” (FAP, 65). Taispeánann na cléirigh easpa tuisceana agus tá siad mímhúinte léi agus feictear go mbeadh an bhean seo i bhfad níos mó ar a suaimhneas dá mba rud é go raibh sí saor uathu agus saor ó theagasc na hEaglaise. Déantar ábhar magaidh as roinnt den teagasc a chreidí ar feadh na mblianta agus ardaítear ceisteanna maidir le macántacht na sagart freisin. Taispeánann na cléirigh meon mídhaonna, searbasach tríd síos ar nós gur cuma leo faoin mbean. Cothaítear bá an léitheora leis an tseanbhean go háirithe nuair a fheictear í ar buile leis na cléirigh atá ag iarraidh a gcuid tuairimí a bhrú uirthi. Is follas go mbaintear geit as na cléirigh sa chaoi a bhfuil an fuinneamh inti labhairt amach ina gcoinne. Cheap siad nach raibh sí ag éisteacht leo agus cuirtear a n-iontas i láthair go healaíonta nuair a deireann sí amach céard a cheapann sí fúthu:

“ “Agus is é bhuir slí bheatha é daoine a scanrú roimhe. Ní gá a bheith leath chomh réidh don bhás agus atá sibhse a rá. Ní le muid féin a réiteach don bhás anseo a tugadh an saol seo dúinn ar chor ar bith....Ní thuigeann an saol seo an bás. Ní thuigeann sibhse an bás. Ná habair liom go dtuigeann sibh an bás – a dhá bhréagadóir bhradacha, a dhá scaibhtéara shearúsacha, a dhá bhligearid sráide...”

D’oscail béal an mhóinsíneora.

D’oscail béal an tsagairt chúnta.

“Cén chaoi a dtuigfeadh agus gan cead ag an mbás teacht isteach sa saol seo. Níl scáile an bháis ar a theitheadh fiú ceadaithe anseo. I bhfad uaidh. Ach beidh a lá féin ag an mbás, le cúnaimh Dé, a bhuaicphointe caitheimeach féin, nuair a thiocthas an saol loite seo go dtí a lánstad.”

Ar an leathfhocal stad sí

Dhún an sagart cúnata a bhéal” (FAP, 73)

Is léir go raibh tuairimí áirithe ag na cléirigh i scéalta an Chonghailigh ó thaobh homaighnéasachta di. Feictear claontacht, cúng-aigeantacht, agus nimh i dtuairimí an tsagairt faoin mbeirt leannán a bhuaileadh leis sa scéal ‘Cailte i gConamara’ sa chnuasach gearrscéalta *An Fear Nach nDéanann Gáire*. Is ionann an reacaire agus an príomhcharachtar sa scéal seo agus é ag smaoineamh siar ar na

cuimhní a bhí aige lena leannán sula bhfuair sé bás. I measc na gcuimhní deasa a bhí acu le chéile i gConamara is cuimhin leis an lá úd ar bhuail siad leis an sagart ann.

Léirítear cé chomh drochbhéasach agus maslach is a bhí an sagart seo leo. In ainneoin an méid sin taispeánann an reacaire nach raibh easpa misnigh ag baint leis agus leag sé béim láidir ar an rud gur leannáin iad an bheirt acu. I scéalta níos luaithe de chuid Uí Chonghaile, b'fhéidir nach mbeadh an misneach céanna ag baint leis na carachtair. Cé go luann an sagart an Bíobla is follas go léiríonn sé dearcadh mí-dhaonna mí-Chríostaí i leith na bhfear. Déanann sé a dhícheall a chur in iúl do na leannáin gur daoine aisteacha iad nach nglacfaidh an tsochaí leo. Léiríonn na leannáin an féinsmacht tríd síos in ainneoin an íde béil a fuair siad ón sagart. Cothaítear bá an léitheora leo mar is léir gur chuir an eachtra isteach go mór ar an reacaire mar go bhfuil sé go mór chun tosaigh ina chuimhní deich mbliana tar éis na heachtra.

“É iompaithe ar an mBéarla agus ag caint tharam isteach an doras scaití. Chomh maith agus nach mbeadh aon Ghaeilge ag an strainséara mar a thug sé air... Is náire shaolta sibh, a bhéic sé. Náire shaolta don bhaile, do Chonamara is don tír. Drochshampla don aos óg, do mhuintir an pharóiste, do theagasc Dé uilechumhachtaigh. Céard a déarfadh do thuismitheoirí bochta anois, beannacht dhilis Dé lena n-anam, dá mbeidís beo? Dá mbeadh a fhios acu cén carry-on atá ar bun faoi chaolacha an tí inar thóg siad sibh mar Chríostaithe... Stán sé sna súile orm aríst, mar a bheadh ag feiceáil mo shinsear tríom. An deichniúr agaibh. An bhfuil meas ar bith agaibh ar bhriathar Dé, ar shoiscéal an Bíobla Naofa? Tá breis agus naoi léamh, ar a laghad, ar an mBíobla, a deirimse, nuair a fuair mé deis cainte, fearacht gach finscéil eile” (FNNG, 14)

Tugann an Conghaileach fimíneacht na hEaglaise go leibhéal nua sa scéal ‘As láimh a Chéile’ sa chnuasach *An Fear A Phléasc*. Feictear fear óg féinmhuinéach sa scéal darbh ainm John Paul ag iarraidh a mhianta collaí a shásamh ar oíche áirithe agus é sa chathair. Is follas nach bhfuil neirbhís nó corraíl ar bith ag baint leis sa chaoi a nochtann sé a chuid smaointe pearsanta chomh dásachtach sin don léitheoir:

“Bhí mé cíocrach adharcach, thar a bheith adharcach, mo bhall fearga gan coinsias ag treorú mo shúile, timpeall uaidh féin, mar a

bheadh compás stobarnáilte imithe as meabhair d'aon ghnó agus ag baint sásaimh as" (FAP, 37)

Léirítear é níos deireanaí sa scéal agus é ag bualadh le fear homaighnéasach i radharcanna tuairisciúla nach dtugann dúshlán ar bith do shamhlaíocht an léitheora. Chuaigh an bheirt acu go carrchlós chun a mianta a shásamh ach ní gnáth-charrchlós é ach carrchlós ciúin séipéil a bhí ann. Rogha an fhir eile ba ea é. Tugtar faoi deara go mbaintear mór-úsáid as an ngáirsiúlacht agus an t-údar ag léiriú an chaidrimh seo. Ba díol suime é nár roinn an fear eile mórán eolais faoi féin ar fhaitíos go n-aithneofaí é. Ní raibh a fhios ag John Paul arbh fhear pósta é nó nárbh ea. Feictear athrú mór i meon Eoin Póil i rith an scéil. Déantar fear uaigneach, brónach as an bhfear a bhí chomh féinmhuiníneach roimhe sin. Feictear nach bhfuil sé sásta leis na babhtaí craicinn a bhíonn aige le daoine eile agus is léir go bhfuil níos mó ná sin ag teastáil uaidh chun go mbeadh sé ar a shuaimhneas. Méadaíonn ar bhá an léitheora leis nuair a thosaíonn sé ag machnamh go macánta ar céard atá á dhéanamh aige:

An suaimhneas a bhraith mé ansin... ár leathlámba ag muirniú a chéile go cigilteach. Chomh mór agus a bhí mé ar mo chompord. Mar a bheadh mo chuid fola th'éis stopadh i mo chuisleacha. Spadhar gnéis thús na hoíche ar neamhní anois. Neamhní. An suaimhneas síochánta de mo phriocadh, d'fhéach mé sna súile air, mo lámh thais greim go fáisciúil i gcroí a láimhe féin. Bhí cineáltas an strainséara sa bhfáisceadh sin. Strainséaraí strae na n-oícheanta dorcha aeracha. Bhí chomh maith le cion agus uaigneas, bhraith mé. Nach raibh níos mó sa saol dom ná seo. Ná an fiach leanúnach agus caidreamh aon oíche. É sin blaiste sách minic agam. É in am anois b'fhéidir an saol sealadach sin a fhágáil ar an taobhlíne dá spreagúla é. Go bhfeicfínn liom... Bhí mar a bheadh gníomh níos doimhne uaim. Níos mó ná gníomh. Mhóthaigh mé mar a bheinn fásta suas anois... Mar a bheinn sna fir... Ba é an cineál duine é b'fhéidir a bhféadfainn socrú síos leis, lá éicint, dá bhfaighinn deis aithne cheart a chur air" (FAP, 47)

An rud is truamhéalaí faoin bhfear seo a bhfuil Eoin Póil sásta socrú síos leis ná gur sagart é. I líne dheireanach an scéil cuirtear an fear in iúl ag ofráil aifrinn sa séipéal.

Ceann de na samplaí is fearr a fhaighimid den ghangaid agus den ghoimh a bhí ag duine de na carachtair i leith na hEaglaise ná Eoin Póil san úrscéal *Sna Fir*. Léirigh a chuid smaointe agus a chuid geáitsí an méid sin oíche amháin nuair a bhí sé i bPáirc an Fhionnuisce. Bhuaill spadhar feirge é nuair a chonaic sé an dochar a bhí déanta ag an Eaglais Chaitliceach do fhear óg homaighnéasach. Ba ábhar mór déistine dó gur baisteadh é i ndiaidh an Phápa cé go raibh ainm eile roghnaithe ag a thuistí dó. Nuair a thosaigh sé ag smaoineamh ar shearmanas an Phápa an lá úd i 1979 nuair a bhí sé sa Pháirc, mhéadaigh a fhuath agus a dhímheas ar an Eaglais agus ar na ceannairí ba shinsearaí ann. Cé nár lig a choinsias dó íoc as a mhianta collaí a shásamh níos luaithe san oíche le ‘buachaill cíosa’, bheadh sé lán sásta ag an bpointe sin dul i gcoinne a mhoráltachta féin chun a dhímheas a léiriú i leith an Phápa agus na hEaglaise. Cé nach bhfuair sé an seans sin feictear é i mbun gnímh gháirsiúil mhí-múinte os comhair chrois an Phápa. Is léir nárbh fhéidir leis aon ghníomh níos conspóidí a dhéanamh chun a mheon reibiliúnach a thaispeáint don domhan mór:

“Smaoinigh mé ar an mbuachaill cíosa a casadh orm sa mbéar. Johnathon. Dá mbeadh sé timpeall anois cá bhlios nach n-íocfainn é as an ngnó a dhéanamh anseo. É a ordú ar a dhá ghlúin amach romham i bhfianaise na croise dalba ionas go bhféadfadh sé mé a adhradh. D’íocfainn freisin. M’anam go n-íocfainn. Mar bhiorán. Mar bhiorán is mar dhíoltas. Thosaigh mé do mo chuimilt féin is ag spraoi liom féin. Tharraing mé síos sip mo phlapa gur lig amach mo ghléas a bhí ina shlat dhalba cheandána cheana féin. B’fhurasta dó théis na hoíche frustraí a bhí aige. Mí-ádh éicint orm anocht seachas laethanta an tsaoil. Ba ghair dom mo lámh féin ná aon lámh eile faoi seo... D’iompaigh isteach ar an gcrois ard go dúshlánach mioscaiseach. Dhún mo shúile ina mbrionglóid thaitneamhach nó gur chruthaigh fis den buachaill cíosa os mo chomhair... a aghaidh phioctha bhearrtha, a chuid gruaige, a bhrollach, a bhaill spreagúla collaí, a cheathrúnaí, a chosa... a bhaill chollaí aríst... Ba ghearr go raibh mé ardaithe chun na flaithis, is mé ag *jerkaíl* a raibh de sponc te ionam ina phreab bhraonach scairdiúil ar leac fhuar liath na croise.” (*Sna Fir*, 134)

## Conspóideach ó thaobh Mhianta na gCarachtar de

Is ábhar suime é mianta na gcarachtar i scríbhneoireacht Uí Chonghaile agus is dóigh liom gurb é seo ceann de na cúiseanna is mó a fhanfaidh a chuid scríbhneoireachta i gcuimhne an léitheora. Is léir gur téamaí íogaire, goilliúnacha, maoithneacha iad seo a bhí i bprós na Gaeilge ó thús ama. Ach tógtar iad go leibhéal níos conspóidí i scríbhneoireacht Uí Chonghaile. Níl drogall dá laghad air mianta inmheánacha collaí na gcarachtar nó fiú amháin a gcuid mianta fisiciúla a nochtadh go neamhbhalbh don léitheoir.

Ceann de na scéalta ina bhfeicimid caidreamh neamhghnách idir seanfhear agus bean óg is ea *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*. Is léir gur duine uaigneach é Jeaic Sheáin san úrscéal seo. Chaith sé saol simplí suaimhneach leis féin agus a mhadra. Is léir gur chaith sé formhór a ama ag ligean a scíthe gan mórán a dhéanamh ach a bheith ag smaoineamh agus ag brionglóideach faoi rudaí a tharla dó le linn a shaoil. Bhí sé ag dul in aois agus bhí roinnt fadhbanna ag cur as dó dá bharr. Spreagtar trua do chás Jeaic Sheáin Johnny nuair a fhlíuchann sé é féin in am marbhánta na hoíche. Léiríonn an eachtra seo don léitheoir cé chomh híogair is atá sé:

“Ná habair go bhfuilim ag cailleadh bhinneas mo ghutha freisin chomh maith léise, a chaoi sé, an t-aon seoid a d’fhág Dia agam sa saol uaigneach aonarach seo, an t-aon bhua a bhronn solas is sólas ariamh ar mo shaol. Cén chaoi a bhféadfainn fanacht beo lá amháin eile dá huireasa, agus anois is mé gan guth, ní móide go mbeidh sí do m’iarraidh. Céard a dhéanfas mé liom féin feasta.....?” (*SJSJ*, 58)

Tugtar faoi deara a mhianta ó thaobh mná óige áirithe de. Cailín óg a bhí inti ag tús an scéil agus cuirfear i láthair ar ball í agus í ina bean álainn. Tá an-suim agus dúil ag Jeaic Sheáin inti ón gcéad uair a leagann sé a shúile uirthi. Músclaíonn an dúil seo atá aige amhras an léitheora faoi agus cruthaítear atmaisféar mí-chompordach dá bharr. “Óir go deas cóiriúil mar ainm di mar gheall ar a folt óir gruaige, a bhíodh an

ghaoth a scuabadh go grámhar siar ó chúl a cinn le linn di a bheith ag sodar abhaile ón scoil...” (SJSJ, 12) Is dócha go raibh coimhlint idir mianta an tseandúine agus saoirse na hóige sa scéal seo. Thuigfí don léitheoir, b’fhéidir, go bhfuil níos mó ná cairdeas ar intinn Jeaic Sheáin agus ní shoiléirítear céard atá ag teastáil ón mbean mar is sa tóir ar amhrán atá sí ann an chéad uair a thagann sí ar cuairt chuige.

An ghné is mó a spreagann aird an léitheora, b’fhéidir, ná an raibh eachtraí an scéil ag tarlú sa domhan réalaióch nó an eachtraí inmheánacha in aigne Jeaic Sheáin Johnny iad. Éiríonn go geal leis an gConghaileach an léitheoir a choimeád ag tomhas sa chaoi sin. Is léir nach grá éagmaise a bhí á fhulaingt ag Jeaic Sheáin le linn an scéil. Feictear go raibh na mianta céanna ag an mbean is a bhí aige féin. Ní raibh aon mheatacht nó lag-misneach ag baint leis an gConghaileach sa chaoi ar cuireadh na mianta seo i láthair. Gan dabht is éifeachtach é an chaoi a ndéantar an cur síos nuair a bhí siad ag suirí le chéile, d’fhéadfá a rá gur céim mhisniúil í, bean óg agus seanfhear a chur le chéile sa chaoi sin. An rud is spéisiúla faoi, b’fhéidir, ná nach bhfuiltear cinnte in am ar bith an raibh na heachtraí seo ar siúl i ndáiríre nó nach raibh. Cabhraíonn íomhá na seanmháthar anseo leis na dabhtanna a mhéadú ionas gur dóichí gurbh in intinn Jeaic Sheáin amháin a bhí siad ar siúl:

“Aon phóigín amháin eile agus é a fháil le do thoil agus do bheannacht dhílis féin, a dúirt sé, agus d’fhéach sé isteach ina súile le linn dó a bheith á pógadh. Ach an babhta seo ba í an tseanmháthair agus í ina brúinneall óg a chonaic sé ag breathnú amach air agus spor sé sin tuilleadh chun gnímh gaisce é.... Is bhí sí corraithe chuige agus ag fanacht go cíocrach leis faoin am a ndeachaigh sé ina thruslóga ocracha amplacha isteach, amach, is isteach is isteach inti...” (SJSJ, 75)

San úrscéal *Sna Fir* cuirtear fear óg darb ainm Eoin Póil i láthair. Cothaítear conspóid mhór faoi eispéireas an fhir óig seo. Léirítear dúinn gur fear íogair, neamh-aibí é atá ag dul trí thranglam mór mothúchán. Seans go dtéann macántacht agus maoidhneachas a chuid smaointe i bhfeidhm ar an léitheoir cé go mb’fhéidir go

mbaintear siar as in áiteanna freisin. In áit amháin feictear Eoin Póil ag dul isteach i gclub sa chathair darb ainm ‘club 99’. Club homaighnéasach a bhí ann. Is léir gurb é seo ceann de na chéad uaireanta a ndeachaigh sé áit ar bith a mbeadh sé in ann a mhianta collaí a shásamh más rud é go raibh sé sin ag teastáil uaidh. Feictear neirbhís Eoin Phóil faoin gclub seo i dtosach ach is léir go ndeachaigh sé i dtaithe air tar éis tamaillín bhig mar bhí sé in ann srianta na sochaí a chailleadh ann. Ba dhomhan nua an áit seo dó, áit lán le féidearthachtaí nua gan teorainn. Feictear dánacht, crógacht agus muinín Uí Chonghaile sa chur síos mioninnte a fhaighimid ar an gclub seo. Ar an taobh eile de, ní cur síos garbh nó gáirsiúil a bhí ann, a mhalairt a bhí fíor agus feictear cé chomh híogair agus cé chomh scanraithe is a bhí Eoin Póil ann. Ba é a fhiosracht a mheall isteach é ar an gcéad dul síos agus is léir nach raibh aon rud eile uaidh:

“Go tobann leagtar lámh chuimilteach ar mo cheathrú.  
Preabaim as mo mhachnamh ag léimneach coisméig shleasach chun  
cinn. Claonaim mo chloigeann thar mo ghualainn go bhfeiceann  
plíoma ard d’fhear meánaosta, gan m’airde féin mórán thar a  
ghuaillí. Brúim a ghéag fhada uaim: é feicthe, measta, diúlaithe agus  
curtha ar an eolas agam chomh múinte agus a d’fhéadfainn in aon  
ruaig d’fhéachaint neamhanálach thostach amháin” (*Sna Fir*, 64)

Déantar trácht ar théama déistíneach áiféiseach atá deacair a shamhlú i gceann amháin de na heachtraí a tharla do Eoin Póil san úrscéal *Sna Fir*. Feictear go bhfuil an scéal ceannann céanna beagnach, sa chnuasach gearrscéalta *FNNG*, dar scéal teideal ‘An Mercyfucker’. Sa scéal seo buaileann Eoin Póil le fear óg dathúil a raibh an tuairim aige gur cheart dó mianta collaí na seanfhear i Londain a shásamh. Bhí sé den tuairim gur toil Dé é mar ní bhfuair na fir úd na seansanna céanna is a fuair seisean nuair a bhí siad níos óige. Ar dtús cheap Eoin Póil gur ábhar mór magaidh é an smaoinemh seo: “Bhí fonn gáire orm ar feadh soicind cé gur móide nach n-aithneofá sin ar mo ghlór” (*Sna Fir*, 172). Is follas go raibh dúil ag Eoin Póil sa bhfear seo a bhí

ag cur na seirbhíse ar fáil agus b'fhéidir gurb shin é an fáth gur fhan sé ann ag caint leis. Nuair a mhínigh 'An Mercyfucker' a thuairimí pearsanta do Eoin Póil ar an ábhar ba bheag nach raibh dúil aige an rud céanna a dhéanamh. Chuir 'An Mercyfucker' an milleán ar an tsochaí inar rugadh agus tógadh na fir seo mar ní raibh siad in ann a bheith oscailte faoina mianta collaí. Is díol spéise é gur athraigh an tsochaí chomh mór sin i Londain ón uair a mbíodh na fir mheánaosta agus na seanfhir seo óg. Anois ní raibh mórán drogaill ar an nglúin ina ndiaidh a bheith oscailte faoina homaighnéasachas i bpáirc phoiblí fiú amháin. Mhúscaíl na tuairimí seo brón agus trua in Eoin Póil do na fir úd. Ba ghnáthhaoine iad chomh maith. San úrscéal, baineadh úsáid as 'iarphóilín' agus 'iarshaighdiúir' mar shampla do na daoine a bhí ag baint úsáide as an tseirbhís. Sa scéal 'An Mercyfucker' (*FNNG*) baineadh úsáid as fear ó Iarthar na hÉireann. Cé go bhfuil suim ag Eoin Póil sa tseirbhís ar dtús is léir go laghdaíonn a shuim nuair a imíonn 'An Mercyfucker'. Ia ansin a thiteann an lug ar an lag aige is cuma cé chomh trócaireach nó b'fhéidir déistíneach is atá an tséirbhís:

“Ba chinnte nach bhféadfadh sé aon dochar a dhéanamh dom ceart go leor, fiú dá dtoileoinn dul leis, ach chuir an smaoineamh múisc orm. Déistean. Ní fhéadfainn é. Choíche ná go deo. Cén chaoi ar fhéad an *mercyfucker* a chuid gníomhartha trócaireacha a dhéanamh, arsa mé liom féin. Luí lena leithéid seo. Ba ansin a thuig mé cé chomh trócaireach flaithiúil ia a bhí a ghníomh- gan leithead ionga de dhathúlacht i gcaiceann rocach an fhir seo-domsa, cibé é. Ba bheag an mhaith dom ach oiread mo shúile féin a dhúnadh agus leanacht ar aghaidh leis...” (*Sna Fir*, 175) agus (*FNNG* 62-63)

Ceann de na gnéithe is spéisiúla san úrscéal *Sna Fir* a léiríonn oscailteacht, macántacht agus maoidhneachas phearsantacht Eoin Phóil is ea an caidreamh a bhí aige le Dónall. Níl aon dabht ach go gcuirfeadh a easpa dílseachta iontas ar léitheoirí áirithe. “Na seansanna a bheadh anseo, chaithfeadh sé. Na céadta féidearachtaí is gnéas ar teap. Dónall nó gan Dónall” (*Sna Fir*, 150) Cé gur fear óg neamh-aibí é Eoin Póil, feicimid é ag éirí níos aibí agus níos muiníní as féin tríd an úrscéal. Fásann

an mhuinín agus an misneach ann chun eispéiris nua a thriail. Feictear cé chomh hoscailte is a éiríonn sé le Dónall agus é á rá leis gur maighdean é. Tá sé sásta den chéad uair a chaidreamh le Dónall a thógáil go leibhéal eile anois. Is píosa breá scríbhneoireachta é agus tuigtear go raibh an-mhisneach ag an gConghaileach an ócáid chorrathach seo a chur i láthair an léitheora sa stíl thuairiscíúil sin:

“Agus tagann tú isteach go sciorthach ansin, a Dhónaill, go mall pianmhar mall. Tá a fhios agam go bhfuil a fhios agat go bhfuil tú do mo ghortú. Fulaingím. Ach deireann tú i gcogar nach bhfuil ann ach aon bhealach amháin, gur mar seo is fearr é. Nach mairfidh an phian dhamanta ach nóiméidín fánach. Go n-iompóidh ina saibhreas. Bím ar tí fógairt ort stopadh cúpla babhta. Ach tagaim romham féin ag bascadh na bhfocla, ag tabhairt chun cuimhne ar dhúirt tú faoin bpian... Coinním greim an fhir bháite ort nó go mbraithim sórt mairbhítí éicint ag fás istigh ionam, ag fadú mo dhúile is ansin bím ag luascadh i dtiúin leatsa...” (*Sna Fir*, 182-183)

I roinnt de na scéalta feictear carachtair óga atá ag triail rudaí nua den chéad uair. Uaireanta ní bhíonn mórán céille ag baint lena ngeáitsí. Feictear é sin i gcúpla scéal ó thaobh an ghalair SEIF de. Sa ghearrscéal ‘Gabhal na gCloch’ feictear na tuairimí aineolacha seafóideacha a bhí ag Eoin Póil faoin ngalar: “Ach ní bheadh aon AIDS i ngabhal na gcloch... fós. Cheapfá nach mbeadh-áit chomh hiargúlta léi” (*FAP*, 108). San úrscéal *Sna Fir* feictear cé chomh buartha is a bhí Eoin Póil nuair a cheap sé go raibh an galar aige. Is léir gur thóg sé misneach uaidh dul i gcóir an scrúdaithe chun a fháil amach an raibh an galar aige ach ag an scrúdú feictear cé chomh mí-stuama, mí-chiallmhar is a bhíodh sé nuair a bhí sé ag dul amach le Dónall. Tagann lagmhisneach air le linn an scrúduithe. Tá bá as cuimse ag an léitheoir leis agus é ag labhairt lena dhochtúir. Bhí sé ar nós coirpigh os comhair cúirte ag nochtadh a chuid coireanna don bhreitheamh. Aon uair a dúirt sé rud éigin, bheadh ceist thromchúiseach eile réidh ag an dochtúir. Bhí teannas dochreidte ann le linn an scrúduithe agus cé go raibh an dochtúir tuisceanach agus discréideach leis, d’fhéadfai

a thomas céard a bhí ina intinn trí na ceisteanna a bhí á gcur air. Ba fhíordheacair do Eoin Póil fiú amháin é féin a choimeád socair tríd an eachtra seo go háirithe nuair a chuirtear ceisteanna air maidir leis an gcaidreamh a bhí aige le Dónall. Chuir Dónall lámh ina bhás féin am éigin tar éis an bhriseadh suas agus bhí sé thar a bheith deacair ar Eoin Póil labhairt faoi ag an scrúdú:

“ “Ag teacht ar ais go dtí an duine seo, d’iarleannán,” a dúirt sé, de ghlór ciúin. “An bhfuil tuairim ar bith agat faoina stádas HIV?”

“Tuairim dá laghad,” a deirimse. “Bhíodh sé cúramach i gcónaí nó ag iarraidh a bheith aon uair a mbinnse leis. Bhuel, formhór an ama ar aon nós. Ach nuair a bhí sé níos óige, déarfainn gur thóg sé seansanna. Bhí sé amuigh ag seacht mbliana déag. Bhíodh sé ag ól go leor freisin san am úd.”

“Níl a fhios agat an ndearna sé an teist riamh?”

“Mura ndearna sé é ó scaramar óna chéile,” a deirimse. “Labhair sé faoi gheábh nó dhó, é ag rá go mbíodh sé dá chur ar an méar fhada i gcónaí, go gcaithfeadh sé é a dhéanamh, díreach lena intinn féin a chur ar a suaimhneas.”

“Níl aon tuairim agat cén fáth a gcuirfeadh sé lámh ina bhás féin?”

(*Sna Fir*, 217)

Ní i gcónaí a bhíonn na mianta collaí céanna ag na carachtair éagsúla i scéalta Uí Chonghaile. Feictear sampla de seo in éigniú scanrúil a tharla don reacaire sa scéal ‘Gabhal na gCloch’ sa chnuasach gearrscéalta *An Fear A Phléasc*. Ón gcéad líne ar aghaidh cruthaítear atmaisféar mí-chompordach teannasach le caint bhagrach gharbh an tseanfhir. Is follas go gcuireann caint agus geáitsí an tseanfhir isteach go mór ar an reacaire agus cothaítear bá an léitheora leis sa chaoi nach bhfuil sé in ann tada a dhéanamh faoi ar fhaitíos go ligfí síos go náireach é os comhair a mhuintire go poiblí. Is léir gur homaighnéasach é an reacaire, rud atá ar eolas ag an seanfhear cé nach bhfuil a fhios ag muintir an reacaire go fóill. Feictear go gcuireann an reacaire tuairimí an phobail roimh a shábháilteacht phearsanta féin. Tá neirbhís agus corraíl an reacaire le feiceáil go soiléir sa sliocht seo a leanas:

“Faraor aríst eile nár imigh, ach cén neart a bhí air is mé ag fanacht go mbeadh mo dhuine imithe as mo bhealach. Buíochas mór le Dia nach raibh sé mar a bheadh taibhse ann do mo leanacht sna sála amach an doras lena, ‘Goile anseo agam. Lig dom breith ort. Nóiméad amháin. Ní dhéanfaidh mé aon dochar’. An seandiabhal salach. Cibé fáth sa mí-ádh gur ormsa a phioc sé. Ar cheap sé go raibh a leathcheann féin aige...? Ná habair ... go sábhála Dia sinn. Sách dona má cheap. Na rudai a déarfai fúm dá gcloisfi... Cibé cén fáth go gceapfadh sé é sin. Mé féin ba mheasa nár thug faoi deara roimhe seo go mba dhuine acu siúd é. Meas tú an raibh a fhios ag mórán eile? Caithfidh sé nach raibh. Mór an t-ionadh. Bheadh daoine ag caint dá mbeadh. Idir cúlchaint is caint chabhantair, chloisfinn é go cinnte, chloisfinn sin. Tharraingeodh duine eicint de na leaidis anuas é uair eicint... tharraingeodh anuas é nuair a bheadh súgach, mura dtarraingeodh aon uair eile. Bheadh an scéal ar fud Ghabhal na gcloch de léim...” (FAP, 107)

Pé seanra ina scríobhann an Conghaileach feictear téamaí conspóideacha ann.

Ní haon eisceacht é an dráma ‘Cúigear Chonamara’ mar sin.

“Dráma traidisiúnta ó thaobh stíle é agus níl an turgnamhacht nó an teibíocht a bhain le saothar mar *An Fear a Phléasc* i gceist. Ach más cur chuige traidisiúnta atá i gceist bainfidh an t-ábhar a chíortar geit as lucht féachana Gaeilge - tá an trasghléasadh agus mianach gnéasach mar phríomhshnáth sa scéal a reictear.” (Ní Ghairbhí, 2003, 17)

Is iad an bheirt deartháir sa dráma seo a mhúsclaíonn an chonspóid is mó.

Cuirtear an deartháir is sine sa dráma darb ainm Darach i láthair mar dhuine bagrach cancrach. Is léir go bhfuil rud éigin ag cur as dó ón tús. Aithníonn a athair go bhfuil sé neirbhíseach ag tús an dráma mar thoradh ar an gceannlíne sa pháipéar “RAPIST JAILED FOR 15 YEARS”. (CC, 10). Is léir go bhfuil sé ag dul trí chrá intinne le linn an dráma agus seans gurb é sin an fáth go bhfuil sé chomh maslach agus drochbhéasach le chuile dhuine a chasann air. Ach in ainneoin an méid sin glactar leis an chaoi a bhfuil sé agus feictear Meaigí ag comhrá le Cynthia faoin méid a chuir bás a mháthar isteach air: “Ghoill bás a mháthar ar Dharach níos mó ná mar a ghoill sé ar aon duine eile. Ghlac sé an-dona leis. Sin é Darach” (CC, 100). Ach is nuair a luann Danny an cás cúirte a bhí tógtha i leith Daraigh mar thoradh ar éigniú a tharla i Sasana

a fheiceann an lucht féachana cé chomh leochaileach is atá a intinn. Feictear Darach ag éirí thar a bheith corraithe ar fad i radharc an-teannasach idir an bheirt dheartháir. Is léir nach bhfuil Darach fiú amháin in ann a lámha a choimeád chuige féin nuair a bhuaileann spadhar feirge é le linn an dráma. Cé gur tharla an cás cúirte seo tamall ó shin is follas go bhfuil sé mar ábhar mí-shuaimhnis do Dharach fós:

Danny: Níl mise ag rá tada.

Darach: Coinnigh do chlab dúnta mura bhfuil. (Bogann Darach a ghreim agus scarann siad óna chéile. Iad beirt cráite go maith) Is, ar aon nós, dá mbeim ciontach nach gcuirfí i bpríosún mé?

Danny: Ní gá go gcuirfí nuair a dhéantar éagóir sa dlí. Cuireadh an Guilford Four agus an Birmingham Six i bpríosún agus gan iad ciontach.

Darach: Ó, cuireadh.

Danny: Is iomaí duine ciontach nár cruthaíodh ciontach riamh.

Darach: Agus atá fós saor, ab ea?

Danny: Sea, nó i bpríosún ag an saol.

Darach (ag bualadh doirn ar an mbord): Breathnaigh, an fúmsa nó fút féin atá tusa ag iarraidh a bheith ag caint? (CC, 85)

Éacht scríbhneoireachta is ea an chaoi a raibh an Conghaileach in ann ábhar chomh leochaileach le trasghléasadh a phiocadh agus é a láimhseáil chomh healaíonta is a rinne sé i *gCúigear Chonamara*. Cuirtear fadhbanna an mhionlaigh seo os comhair an lucht féachana ar chaoi iontach réalaióch. Chomh maith leis sin tugtar doimhneacht do charachtar Danny. Feictear é mar leannán, mar dheartháir, mar mhac, mar chomharsa agus dar ndóigh mar thrasghléasaí. Léiríonn sé réimse mór mothúchán éagsúla le linn an dráma agus cuirtear é in iúl mar ghnáthdhuine le dúil dhifriúil ina rogha éadaí. Cuireann sé isteach go mór air nuair nach bhfuil na daoine eile thart in ann glacadh leis mar atá sé gan aon choinníollacha. Feictear radharc brónach anseo idir Cynthia agus Danny. Léirítear an difríocht idir é féin agus Cynthia:

DANNY: (olc air) Bhí fíorghrá a'm dhuit ach chuir tusa do chuid

choinníollacha féin leis. Grá gan choinnioll é fíorghrá,  
má chuala tú ariamh é.

CYNTHIA: Bhí tú mímhacánta liom.

DANNY: Ní mise a chuir deireadh leis an gcleamhnas. A shiúil  
amach. Bhí mise sásta tú a phósadh.

CYNTHIA: (go teann searbhasach) Bhí ab ea? (go feargach) Bhí,  
cinnte, am éicint amach anseo. Bhí, nuair a tháinig crú  
ar an tairne nó go mbeadh deis a' d an chéad leithscéal  
eile a chumadh.

(CC, 116)

Is léir mar sin ón méid atá ráite gur scríbhneoir thar a bheith conspóideach é  
Micheál Ó Conghaile. Tá sé lán toilteanach díriú isteach ar intinn na gcarachtar ionas  
go mbeidh sé in ann a dtuairimí pearsanta a léiriú don léitheoir. Uaireanta baineann na  
carachtair úd leis na mionlaigh ina sochaí agus mar thoradh air sin bíonn tuairimí  
difriúla acu. Feictear iad ag dul i gcoinne údaras na sochaí mar níl siad in ann glacadh  
leis de bharr iad a bheith difriúil. Bíonn an Conghaileach de shíor ag fáil bealaí  
difriúla chun fadhbanna inmhéanacha na gcarachtar úd a chur i láthair. Feicfear sa  
chéad chaibidil eile an chaoi a bhfuil an Conghaileach fós reibiliúnach agus  
conspóideach ina chuid scríbhneoireachta cé go mbaineann sé i bhfad níos mó úsáide  
as an aisteachas agus an éigiall san scéalta is deireanaí a tháinig uaidh.

## Caibidil 3

### An Éigiall i Scéalta Uí Chonghaile

#### Réamhrá

Is follas gur tháinig forbairt mhór ar scríbhneoireacht Uí Chonghaile ó thosaigh sé amach lena chéad chnuasach gearrscéalta *Mac an tSagairt* i lár na n-ochtóidí. Tá sé tar éis bogadh ó scéalta tuairisciúla ina bhfeicimid carachtair réalaiócha go scéalta nach mbaineann leis an ngnáthshaol, scéalta inar féidir leis an gConghaileach a shamhlaíocht agus a fhantaisíocht a ligean saor. Is léir go mbaineann na carachtair le réaltacht níos leithne ná an gnáthshaol. Feictear scéalta atá úr ina modh inste dá bharr. Ach fós tá an cumas agus an stuaim ag an gConghaileach blaiseadh beag den réalachas a fhágáil iontu ionas go rachaidh siad i bhfeidhm ar an léitheoir. Go hiondúil bíonn na carachtair sna scéalta úd éigialta agus áiféiseach, fiú. Ciallaíonn éigiall “Out of harmony with reason or propriety; in mod. use, plainly opposed to reason, and hence ridiculous, silly”. (Onions, 1933, 8). Thosaigh an claonadh i dreo na héigíle sa dara cnuasach gearrscéalta ó pheann Uí Chonghaile *An Fear a Phléasc*:

“Déantar aiteas agus guagacht na samhlaíochta agus na fantaisíochta a cheiliúradh i scéalta áirithe agus cuid suntais í an ionramháil lánmhuiníneach ar théamaí samhlaítheacha agus ar théamaí réalaiócha an chnuasaigh trí chéile” (Ní Dhonnchadha, 2002, 281)

Lean sé ar aghaidh sa chaoi chéanna sa tríú cnuasach gearrscéalta uaidh *An Fear Nach nDéanann Gáire*. An t-aon difríocht ná go n-éiríonn sé níos áiféisí agus níos éigialta ann. D’fhéadfaí a rá go bhfuil sé tar éis réimse nua a chruthú dó féin ina chuid scríbhneoireachta sa chnuasach seo agus anois níl leisce dá laghad air nó easpa muiníne air scéalta atá iomlán difriúil ina modh inste agus ina gcruthaitheacht a

scríobh. Feictear nach bhfuil mórán de normáltacht sna scéalta sa chnuasach seo beag ná mór. “Micheál Ó Conghaile’s third collection of stories plonks us down in the centre of the world of his own imagination. It is a place without boundaries wherein just about anything can happen and does.” (Titley, 2003, 13) Ach mar a luadh cheana, is scríbhneoir conspóideach dásachtach é agus tá cuspóir faoi leith aige ina chuid scríbhneoireachta. Toisc gur fhorbair sé a stíl agus a mhodh inste, tá pointí áirithe á gcur i láthair go héifeachtach i gcónaí aige maidir lena charachtair agus leis an tsochaí ina maireann siad. Nuair a dhéantar anailís ar na scéalta éigialta sa dá chnuasach gearrscéalta is deireanaí uaidh feictear rian fiúntach suntasach ann. Ní i gcónaí a bhíonn bá ag an léitheoir leis na carachtair sna scéalta úd. Uaireanta bíonn siad imithe chomh fada sin ón réalachas nach féidir linn a bhféiniúlacht a aithint fiú amháin. Ach má fhéachtar ar na scéalta éigialta mar aonad amháin feicfead gur sa tóir ar shuaimhneas intinne ina mbealach aisteach féin atá na carachtair. Léiríonn an aibíocht nua seo i scríbhneoireacht Uí Chonghaile gur scríbhneoir cumasach cruthaitheach é a mbeidh trácht air go ceann i bhfad. Beifear ag féachaint ar an éigiall sa chnuasach gearrscéalta *An Fear a Phléasc* ag tús na caibidle agus ansin féachfar ar an gcaoi ar chuir sé leis an éigiall agus leis an áiféis sa chnuasach gearrscéalta *An Fear Nach nDéanann Gáire*.

## **An Éigiall in**

### ***An Fear A Phléasc***

Ón gcéad scéal sa chnuasach seo ar aghaidh tá athrú suntasach tagtha ar fhéidearthachtaí agus ar réimse scríbhneoireachta an Chonghailigh. Feictear é sin sa scéal teidil ‘An Fear a Phléasc’. “Sí an teicníocht a úsáideann sé ná an mheá a chothromú idir áiféis agus normáltacht, an rud gnáthúil agus an rud aduain a bheith ar

scáth a chéile” (Byrne, 1998, 25). Feictear beirt fhear atá ag caint faoi fhear eile atá tar éis pléascadh agus anois tá a chorp i smidiríní ar fud na cathrach. Tá an bheirt acu ag iarraidh ciall a bhaint as an rud atá tar éis tarlú ach níl ar a gcumas é sin a dhéanamh de bharr a dtuairimí áiféiseacha, seafóideacha ar an ábhar. Cé gur ábhar teibí é an bás meascann an Conghaileach an tromchúis agus an greann le chéile chun scéal iontach taitneamhach a chruthú don léitheoir. Déanann an bheirt acu ábhar magaidh as an bhfear marbh i ngan fhios dóibh féin. Cé gur radharc ainnis gránna é, fear a bheith i smidiríní, tugtar an taobh greannmhar don léitheoir nuair a deirtear nach mbeadh suim ag na gadhair ann mar fheoil de bharr gur ‘veggies’ (Fch. *FAP*, 15) anois iad. Bhí siad ag tomhas céard a dhéanfaí ar a shon anois mar gur cineál ‘mairtíreach’ a bhí ann agus gur cheart don Bhardas ‘monument’ a thógáil ina léith cé gur dhiúltaigh an Bardas é a chur ar ais le chéile ar fhaitíos nach bhfaigheadh siad an ‘tÁrachas’ a bhí tuilte acu (Fch. *FAP*, 16). An rud is íorónta faoin mbeirt ná nach bhfaca siad céard a tharla ar chor ar bith. “Ná feic rud nach n-oireann dhuit is nach mbaineann leat” (*FAP*, 18). Sin an mana a bhí acu cé go raibh siad an-sásta labhairt faoi. Déantar carnadh ar na tuairimí seafóideacha a bhí ag an mbeirt tríd síos. Bhí siad ar nós macalla dá chéile rud a chuireann go mór le greann an scéil. Feictear go mbaintear úsáid as focail Bhéarla chomh maith chun cabhrú le greann a chothú sa scéal:

“...*Piss Artists*... Sea, a Jó, bhain tú as mo bhéal é. *Piss Artists*. Ná fliuch do bhéal aríst leis an bhfocal, maith an fear. Is nach ndeirtear gur áitigh ceann acu ar mo dhuine go mba ealaín nuachruthaitheach é an sruthán fuail a rinne a ghabhar gioblach ocrach – a bhíodh síoraí á leanacht – ar *kherb* na sráide. Sháraigh sé siar ina bhéal gurbh ea. B’in a chuir aer ceart é. Cén t-iontas gur pléasc sé mar *spite* le n-imeacht as bealach an bhruscair sráide seo, iadsan ag sú a ghradaim uile uaidh thar a chéile. Chaithfeadh sé pléascadh, b’fhéidir... é féin a mhapáil aríst, a ghradam is a onóir a athghabháil. É féin a iompú isteach ina ealaín a bhí uaidh, a dúradh chuile bhall beo dhó... Pléascadh ansin. Gan fógra, gan foláireamh,

gan foscadh i bhfianaise slua ollmhór na cathrach – *modern art* a thug siad ansin ar a chuid phíosáí” (*FAP*, 14)

Scéal eile ina bhfeicimid greann iontach is ea an scéal ‘Ar Pinsean sa Leithreas’ (*FAP*). Tá an scéal seo scríofa sa chéad phearsa rud a chothaíomn dlúthchaidreamh idir an fear sa leithreas agus an léitheoir. Sa scéal seo feictear iarrátseirbhíseach atá ag maireachtáil ina leithreas ón am a d’éirigh sé as a phost ar pinsean. Is é an fhealsúnacht atá aige ná go bhfuil sé saor sa leithreas. Saor ó chúrsaí ama agus saor ón bhás. Tá go leor féidearthachtaí aige sa leithreas nach bhfuil aige taobh amuigh agus feictear é ag iarraidh a chur ina luí ar chuile dhuine taobh amuigh den doras go bhfuil an ceart aige. “Is é mo shaol féin é agus nach féidir liom mo rogha rud a dhéanamh” (*FAP*, 77). Cothaítear an rí-rá agus ruaille buaille le linn an scéil toisc nach bhfuil an dream taobh amuigh den doras in ann glacadh le tuairimí an fhir taobh istigh. Is é an chodarsnacht seo a chabhraíonn go mór le dráma iontach a chruthú sa scéal. Tá an reacaire cinnte dearfa de nach bhfuil sé chun bás a fháil san áit ina bhfuil sé agus níl drogall dá laghad air é sin a chur in iúl dá dhlíodóir a thagann ar cuairt chuige. Ba mhaith leis an dlíodóir a uacht a shíniú ar fhaitíos na bhfaitíos. Ní fheiceann an fear go bhfuil aon chiall nó réasún ag baint leis sin agus éiríonn sé níos áiféisí nuair a iarrtar air cén áit ar mhaith leis a bheith curtha. Tar éis machnaimh air tugann sé cead dá dhlíodóir é a chréamadh ach bheadh orthu é a dhéanamh nuair atá sé ‘beo beathach’ mar níl sé chun bás a fháil. Ceapann sé go mbeidh sé in ann aire a thabhairt dá luathreach féin má chréamtar beo beathach é mar beidh sé fós sa leithreas. Sampla maith den chodarsnacht agus den greann dubh sa scéal is ea seo a leanas:

“Ná bíodh inní ort. Tá bealach éasca as sin,” a dúirt mé.  
“Beidh mé féin in ann gach rud a phleanáil. Níl le déanamh agat ach an fuilleach a phacáil síos i gcoiscín nuair atá sé fuaraithe agus a

thabhairt ar ais dom féin anseo. Brúigh isteach faoin doras é go cúramach. Bí cinnte nach bpléascann tú an coiscín. Ócé!”

“Óce. Ócé!”

“Beidh me féin in ann mé féin a *flusháil* síos sa leithreas ansin nuair a thograím é – má thograím é.” (FAP, 85)

Scéal eile atá scríofa sa chéad phearsa is ea ‘Seacht gCéad Uaireadóir.’

Tugann sé sin deis don reacaire caidreamh pearsanta báúil a chothú leis an léitheoir agus cruthaítear atmaisféar cairdiúil compordach ann dá bharr. Sampla den chaoi a labhraíonn an reacaire leis an léitheoir is ea: “Tuigeann tú féin” (FAP, 23). Feictear an reacaire ag spaisteoireacht thart go réchúiseach ag tús an scéil seo go dtí go siúlann sé isteach i siopa aisteach lán le huairadóirí. Is follas gur chuir an siopa seo ionadh ar an reacaire go dtí go raibh an t-am ceart ag teastáil uaidh agus ansin feictear a fhuistrachas. Bhí tuairimí difriúla éigialta ag an siopadóir ar chúrsaí ama agus feictear nach raibh ar chumas an reacaire glacadh leo. Feictear an t-atmaisféar teannasach idir an bheirt acu anseo nuair nach bhfuil siad in ann teacht ar chomhaontú maidir le cúrsaí ama :

“Is leatsa an t-am anois, is dócha!”

“Is cuma cé leis é, mar is agamsa atá sé.” Labhair sé go húdarásach.

“Murach gurb ea an iarrfá orm é?”

“Breathnaigh anois, a mhac.” Bhí mé ag éirí coipthe faoi seo agus táim cinnte gurbh fhurasta sin a aithint ar mo ghlór.

“Níl uaim ach an t-am. Mura bhfuil tú sásta é a thabhairt dom, ócé, ach abair liom sin. Má tá, tabhair dom é, agus éirigh as do chuid *shitedáil*. Ócé?”

Ach cén chaoi a dtabharfainn am duit atá agat cheana féin...?”

“...Níl an focín t-am a’ m agus...” (FAP, 27)

Éiríonn leis an gConghaileach tuairimí an tsiopadóira a chur i bhfeidhm ar an reacaire ar deireadh thiar thall. Is léir gur mhéadaigh ar fhiosracht an reacaire i bhfealsúnacht an fhir seo agus gur fhan sé ann ag éisteacht leis ionas go mbeadh sé in ann ciall éigin a dhéanamh as. Feictear chomh maith rian den seasamh faoi leith a thógann roinnt carachtar de chuid Uí Chonghaile i gcoinne na hEaglaise. Is dócha go bhfuil an

Conghaileach tar éis na tuairimí seo a nochtadh dúinn i scéalta níos réaláiche ach anois baintear úsáid as an éigiall chun tuairimí áirithe a thabhairt ar chúrsaí creidimh i suíomh atá gan srian gan teorainn:

“Agus tugann tú dóp do na huairadóirí bochta seo go léir,”  
a deir mé, agus mé ag breathnú timpeall, uisce bog ag teacht  
ó mo shúile, beagnach.

“Ó, a mhic ó, sin uile a bhfuil uathu. Is é an dóp a chuireann an t-am  
ar ceal agus a choinníonn ag ticeáil iad – nach é a choinníonn an  
saol mór is a mháthair ag imeacht anois. Ó cinnte dearfa tá na  
huairadóirí seo ar fad drugáilte, agus tuige nach mbeadh – díreach  
mar atá daoine bochta saolta dópáilte ag paidreacha agus creidíocha,  
tá na huairadóirí misniúla seo drugáilte ag dóp – cuid acu ar  
channabas, cuid eile ar chócaon, tuilleadh acu ar mharabhana agus  
tuilleadh fós ar eacstaisí, ar speed, ar ice agus le gairid anuas, lena  
thástáil chomh maith le chuile shórt eile, thosaigh mé ag tabhairt  
craic do chuid acu” (*FAP*, 32)

Feictear carachtar cráite le himní sa scéal ‘Faoi Scáth Scáile’ (*FAP*). Is ionann an reacaire agus an carachtar sa scéal seo agus tugann sé sin deis don údar imní agus aiféala an reacaire a léiriú ar mhodh éifeachtach don léitheoir. Tosaíonn an scéal seo le ráiteas gearr gonta a thaispeánann don léitheoir céard atá ar intinn an reacaire “Ní réitím féin ná mo scáile lena chéile níos mó.” (*FAP*, 53) Forbraítear an scéal ón mbunsmaoineamh sin atá ag an reacaire. Déantar pearsantú ar scáil an reacaire agus tugtar samplaí don léitheoir de na laethanta áthasacha a chaith an reacaire i gcuideachta a scáile. Tá gliondar croí an reacaire le feiceáil agus é ag machnamh ar na cuimhní úd. Ach ansin ardaítear a mhí-shonas agus a uaigneas nuair a thosaítear ag smaoineamh ar an aighneas atá ann idir an bheirt acu le tamall anuas. Is léir go bhfuil an reacaire an-dian air féin tríd síos agus go gcuireann sé an milleán go léir air féin faoin easaontas. I ndiaidh machnaimh domhain ar an gcoimhlint a bhí eatarthu is follas go gceapann an reacaire go raibh iomlán an chirt ag a scáil labhairt amach ina

choinne. Tá sé ciaptha le haiféala nach raibh an stuaim aige é sin a thabhairt faoi deara ón tús:

“Mé féin is measa. Mé féin is cionsiocair le chuile thrioblóid. Nár chóir go dtuigfinn nár thaitin an scáthán le Scáil, go raibh mé ag iarraidh éalú uaidh nuair a stán mé isteach ann orm féin go postúil, go raibh mé ar tí é a chealú. Cén mí-ádh a bhí orm bagairt air an mhaidin ghránna úd a bhéal a choinneáil dúnta, agus gan é ar mhaithe liom. ‘Nach fada gur labhair tú. Más in é an sórt cainte atá rún agat a chleachtadh coinnigh do bhéal dúnta.’ Cuimhnim go maith ar mo ráiteas. Tuige nach gcuimhneoinn. Na habairti stálaithe ó shin, mar a bheadh chip-phriontáilte go místuama le siséal i mo chnámha. Iad pianmhar mar a bheadh scoilteacha ann. An méid uaireanta ó shin a dtabharfainn lán an leabhair dá mbeadh breith ar m’aiféala agam ionas go bhféadfainn breith ar na focail úd agus iad a shacadh ar ais siar i mo bhéal... nó cibé áit strainséarach thiar thíos ionam as a dtáinig siad” (*FAP*, 60)

Feictear neamh-chomhfhios intinne an pháiste i mbroinn a máthar sa scéal ‘An Chéad Duine Eile’. Tá an scéal seo scríofa sa dara pearsa uatha. Cabhraíonn an modh inste le hoibiachtúlacht a chothú i leith inní an pháiste. Déantar pearsantú ar an saol sa scéal seo agus tugtar cur síos tuairisciúil dúinn air agus é ag teacht ar cuairt chuig an bpáiste sa bhroinn: “Fear ard tanaí atá ann, gruaig ghearr fhionn air. Tá súile gorma aige. Tá sé thar a bheith slachtmhar ag breathnú, chomh slachtmhar sin is gur beag nach dtiteann tú i ngrá leis lom láithreach” (*FNNG*, 116). Is léir gur fear íogair maoithneach é an ‘Saol’. Tá sé ar a sheacht ndícheall a chur ina luí ar an bpáiste gur eisean a chara cé go mbíonn formhór an chine dhaonna ag tabhairt amach faoi. Cé go bhfuil trua ag an bpáiste dó níl an chumhacht aige seasamh faoi leith a thógáil i gcoinne formhór na dtuairimí sa tsochaí ina bhfuil sé ag teacht inti. Feictear cruachás an pháiste go healaíonta anseo: “‘Ceart go leor, ní maith liom thú, ach níl aon neart air. Táimse faoi ualach pheaca an tsinsir freisin, peacaí mo réamhshaoil. Dá bhfágfaí thiar sa neamhshaoil mé, níor ghá dom an peaca sin a iompar.’” (*FAP*, 118) Tá an páiste ag dul trí thranglam intinne mar cé go ndúirt sé nár thaitin ‘Saol’ leis ba chúis compoird é dó agus ba chomhluadar dó é san am éiginnte seo don pháiste. Leagtar

béim ar dhaonnacht an bháis sa scéal seo freisin: “Bhí bás ócé.” (FAP, 121) Ach in ainneoin an méid sin ní raibh an páiste iomlán cinnte faoi de bharr an easpa fianaise ó na daoine a fuair bás cheana féin. Is éacht scríbhneoireachta é an scéal seo mar leis an mbás agus leis an saol a chur i láthair chomh héifeachtach sin agus ansin an t-iomlán a shuíomh i gcomhthéacs páiste sa bhroinn agus é ag teacht ar an saol. Tá an chuma air go bhfuil an Conghaileach ag ligean an pháiste soineanta seo i gcathú cé nár saolaíodh é go fóill. Meascán iontach ealaíonta a fhaighimid anseo de íogaireacht intinne an pháiste chomh maith le gluaiseachtaí leochaileacha nádúrtha an pháiste sa bhroinn:

“Gan an fhís féin anois agat, ní áirím Saol a bheith agat, ná a fhianaise le freagairt. Cé nár thaitin Saol leat, d’airigh tú uait an comhluadar ar bhealach aisteach éiginnte. Chleacht tú comhluadar anois. Áiríonn tú uait an caidreamh, fiú caidreamh nach dtaitníonn leat is nach bhfuil uait. Mar a bheadh a fhios agat go bhfuil rud éicint eile ann nach bhfuil agat. Bíonn fonn argóna ort. Tá tonnta ag corraíl i do thimpeallacht.

Tá meáchan ag líonadh an fhocail ‘uaigneas’. Múnlaíonn an focal a mhíniú féin. Uaigneas beo idir uiscí suáilceacha uile na broinne. Tarraingíonn tú cicín leochaileach, ach níl tada faoi leith le bualadh romhat anseo. Tuigeann tú nach bhfuil i d’iompraitheoir ach giolla. Níl inti ach giolla duitse, giolla don saol agus don bhás” (FNNG, 119)

“Tá an gearrscéal ‘An Charraig’ bunaithe ar shaothar John O’ Donohue – ‘Stone as the Tabernacle of Memory’” (FAP, 8) Feictear cur síos tuairisciúil ealaíonta ar charraig atá ann ó thús ama beagnach go dtí gur chuir an cine daonna isteach air. Is díol suime é an réim teanga a úsáidtear chun údarás na carraige a chur in iúl don léitheoir. Is cuid den stair, an charraig seo a bhfuil gach ní feicthe aici chomh fada siar leis an oighearaois. Ní raibh na fórsaí nádúrtha ba mheasa in ann dochar a dhéanamh do chruth na carraige seo. “Ach níor dhóigh fiú screamhóg dá héadan, níor fhág d’iarsma ach cuimilt dubh deataigh ar chraiceann a hollchoirp-dath a sciúradh chun bealaigh le ceirtghlantóir na haimsire agus na báistí” (FAP, 143). Léiríonn na habairtí fada an meas atá tuillte ag an gcarraig seo. Cuirtear é sin i gcomparáid leis na habairtí

gearra, gonta atá lán le mailís agus le mioscáis a léirigh saint agus leithleachas an chine dhaonna cé nach raibh siad ann leath chomh fada is a bhí an charraig ann. D'fhéadfaí glacadh leis nach í an charraig an t-aon rud atá ag cur isteach ar an scríbhneoir, seans maith go dtéann fréamhacha a dhéistine don chine daonna i bhfad níos doimhne ná an sampla amháin a luaitear sa scéal sin.

“An duine bocht. Déchosach croschosach. Bonnaire. Chonaic an charraig a bhonnachaí ag lorg is ag salú snoite na cruinne móra roimhe, roimhe is ina dhiaidh. De réir a chéile, é ag coiscéimiú chuici ina choisméigeachaí corracha bacacha. B'aisteach mí-ádhúil a chruth neamhstiúrach. É chomh mór sin as alt – chomh haduain preabach sin – le chéile bhall beo ina thimpeall. B'ainmhí strae gan patrún é. Neamhphearsanta. Náire fhiosrach éiginnte eicínt á thiomáint féin roimhe....ina treo. (FAP, 143-144)

Is é ‘Bualadh an Bháis’ ceann de na scéalta is greannmháire sa chnuasach. Feictear anseo an pobal go léir ag moladh an fhir mhairbh ag a shochraid. “ “ Bhí Éamann lách, an fear bocht.” “Misseáilfidh an baile go mór é” (FAP, 133). Is léir ón atmaisféar go raibh an-mheas ag an bpobal air mar bhí siad go mór faoi bhrón ag a shochraid. Ach ansin baintear úsáid as an éigiall chun an t-atmaisféar a athrú go hiomlán. Nuair a chuala Éamann an pobal dá mholadh bheartaigh sé teacht ar ais chun beatha. Ghabh sé buíochas leis an bpobal as ucht na rudaí deasa a dúirt siad faoi. Mhúscaíl an méid sin ionadh i measc an phobail go dtí gur iarr sé orthu an raibh cead aige fanacht beo. Is ansin a fheiceann an léitheoir cén saghas duine é Éamann den chéad uair. Is léir gur deargbhréagadóir é nach ndearna rud maith ar bith ina shaol agus bhí formhór na ndaoine ann chun a bheith cinnte gurb é sin deireadh leis. Labhair dáréag amach go poiblí ina choinne, an dochtúir agus an sagart san áireamh, agus bhí siad go léir den tuairim nár cheart dó fanacht beo. Ar deireadh thiar thall feictear barbarthacht an phobail ag cur an fhir bhoicht chun báis. Is díol suime é sa scéal seo nár sheas duine ar bith suas chun labhairt ar son an fhir seo cé go raibh siad

go léir dá mholadh nuair a bhí sé “marbh”. Téann an t-údar i muinín na háiféise agus na reitriche leis na leithscéalta taitneamhacha siúd a léirigh fimíneacht an phobail a bhí ann. Seo ceann de na samplaí a bhfeicimid greann dubh iontach ann:

“Bhí geall curtha agam air leis an ngeallghlacadóir. Bhí, go deimhin. Cúig mhíle punt. Cúig mhíle punt nach mbeadh sé beo ag deireadh na seachtaine. Caillfidh mé chuile shórt. Caillfidh mé mo theach, mo charr, mo bhean cholscartha – a bhfuil agam...Dá bhfanadh sé cailte go dtí an tseachtain seo chugainn féin bheadh mo chuid airgid claimeáilte agam agus deatach bainte as...Ná ligigí dhó fanacht beo...” (*FAP*, 136)

Scéal eile ina bhfeicimid pobal cráite le cruachás is ea ‘An Mála Freagraí a Goideadh’. Bhí an pobal go léir sa tóir ar fhreagraí, rud baolach a chothaigh an-chuid mí-áidh dóibh. Bhí siad chomh gafa leis na freagraí siúd gur cineál galair a bhí i gceist. Feictear fear amháin ag dó a thigh síos mar thoradh ar cheist a bhí ann nach raibh aon fhreagra dó: “Ach níorbh aon chúis gháire é ach oiread leis an bhfear a las a theach cónaithe nuair a shíl sé ceist ghoilliúnach ghránna, a bhí ag guairdeall in áit éicint timpeall a thí, a loscadh ina beatha” (*FAP*, 91). Bhí na freagraí úd chomh tábhachtach don phobal gur fostaíodh fear chun a bheith i gceannas na tóra orthu. Ní hamháin sin ach ba nós acu bualadh le chéile i gcóir ‘Faoistin Ceisteanna na seachtaine’ (Fch. *FAP*, 94) ionas go mbeidís in ann an t-ualach a bhí á gcrá a laghdú le fiú amháin blúire beag eolais a fháil faoi na ceisteanna. “Sa deireadh bíonn daoine sásta le pé píosa ‘dramhaíola’ d’fhreagra a fhaigheann siad, cuma más ráfla nó baothchaint atá i gceist chun ualach na neamhchinnteachta a mhaolú” (Byrne, 1998, 26). Tá bua na cumadóireachta atá ag an gConghaileach sa scéal seo ar fheabhas agus faightear sampla maith dá shamhlaíocht chruthaitheach sa chaoi ina raibh an cumas aige gnáthdhaoine a chruthú le ceisteanna a bhí mar chineál ailse dóibh. An rud is íorónta fúthu ná gur éirigh a gcruachás níos measa le linn an scéil nuair a mhéadaigh a bhfiosracht i mála éigin a bhí lán le freagraí dar leo. Cosúil leis na carachtair sa scéal

‘An Mála Freagraí a Goideadh’ bheidís i bhfad níos fearr dá mba rud é go raibh an stuaim agus an chiall acu aire a thabhairt dá ngnó féin in ionad a bheith ag éisteacht le ráflaí agus le cúlchaint an phobail. Ba é fiosracht an tslua an ghné ab fhíochmhaire iontu. Léirigh siad é sin nuair a mharaigh siad an ‘Ceannasaí Cosach Cleasaí’ nuair a bhí siad ag iarraidh a fháil amach céard a bhí sa mhála a bhí aige. Ag deireadh an scéil feictear iad le ceist eile a bheadh in ann iad a chrá ar feadh na mblianta cé go raibh an freagra díreach os a gcomhair:

“Agus mar bharr ar an mí-ádh tá duine éicint agaibh th’éis an Ceannasaí Cosach Cleasach cneasta a chur chun báis, an créatúr bocht simplí soineanta nach ndearna dochar d’éinne beo ná marbh ariamh. Ach íocfaidh sibh as. Íocfaidh sibh go daor as le bhur gcuid easpa freagraí agus an cheist nua a chruthaigh sibh daoibh féin á hiompar agaibh feasta. Anois cé agaibhse a rinne an marú fuilteach míthrócaireach seo le go gcuirfidh mé príosún saoil air?” (*FAP*, 98)

Cheapfá gur gnáthrud é a bheith ag pacáil agus tú ag bogadh tí ach ní mar sin atá sé sa scéal ‘Ag Pacáil’. Ar dtús tá blaiseadh beag den réalachas ann ach athraíonn sé ansin nuair nach gnáthrudáí atá á bpacáil ag an reacaire sa scéal seo. Is léir go raibh ‘Paidrín Páirteach Neamhráite’ ina chnámh spairne don reacaire ón lá a rinne sé an gheallúint dá bhean chéile é a rá. Is léir nach bhfuil a dhóthain spáis aige an ‘Paidrín Páirteach Neamhráite’ a thógáil leis ina ‘suitcase’ de bharr an méid smaointe atá ann. Liosta fada de leithscéalta áiféiseacha, neamhshubstaintiúla a fhaighimid ón reacaire. Is léir go gcreideann sé an méid atá á rá aige mar is dócha go bhfuil taithe aige ar bheith ag smaoineamh sa chaoi sin. “Is fearr dom beilt a cheangal timpeall an chása seo freisin ar mhaithe la sábháilteacht... faitíos go bpléascfaidh sé ar an aistear, an dtuigeann tú” (*FAP*, 130) Níl mórán céille ag baint leis an bhfear sa scéal seo ná le roinnt eile de na carachtair sa chnuasach seo. Cabhraíonn na léaráidí le Brian Bourke ag tús na gcaibidlí go mór le héigiall agus aisteachas na gcarachtar a thaispeáint don léitheoir. Níl aon dabht ach go bhfuil an éigiall i scéalta an chnuasaigh seo ag

scriosadh féiniúlacht na gcarachtar. Tá siad ar nós carachtar ag maireachtáil i mbolgán aeir nach bhfuil siad ag iarraidh a phléascadh.

## **An Éigiall in**

### ***An Fear Nach nDéanann Gáire***

Tá baint mhór ag an éigiall leis an gcarachtar sa chuid is mó de na scéalta sa chnuasach seo. Seans go ndéarfaí go bhfuil an Conghaileach ag baint úsáide níos fearr as an aisteachas agus as an áifeis sna scéalta seo. Cé nach bhfuil mórán bainte acu leis an ngnáthshaol fós tá macalla de shíor ag rith tríd na scéalta go léir. Nuair a dhéantar anailis ar na scéalta mar aonad amháin sa chnuasach seo feictear gurb í an tsochaí is mó atá taobh thiar d'fhadhbanna na gcarachtar. Níl an tsochaí in ann cur suas le haisteachas na gcarachtar ach sa chaoi chéanna níl na carachtair in ann cloí le gnáthnósanna na sochaí de bharr na dtuiscintí difriúla atá acu ar an saol.

Feictear pearsantú á dhéanamh ar stáisiún traenach sa scéal 'Ag an Stáisiún'. Is léir go bhfuil beocht faoi leith ag an stáisiún féin mar mhothaigh sé nach raibh fonn ar fhormhór na bpaisinéirí a bheith ann. "Is bhraith an stáisiún a ndrogall. Bhlais de bhlas géar a n-áthais é a fhágáil" (*FNNG*, 40). Baintear úsáid iontach as codarsnacht idir na paisinéirí agus na traimpeanna chun "íogaireacht" an stáisiúin a dhingeadh abhaile ar an léitheoir. Chuir deifir, ruaille buaille agus leithleachas na bpaisinéirí isteach go mór ar an stáisiún. A mhalairt a bhí fíor i gcás na dtraimpeanna a bhí sásta a bheith báite i dtimpeallacht agus ársaíocht an tsean-stáisiúin seo. Ba chomhluadar iad a bhí in ann gliondar croí a thabhairt don stáisiún lena gcairdiúlacht agus lena

gcineáltas dá chéile agus don stáisiún. Feictear na traimpeanna ag baint úsáide as seanstór nach raibh in úsáid ag na daoine eile thart. Chuir an méid sin áthas ar an stáisiún goilliúnach: “Is d’fháiltigh an stáisiún uaigneach rompu. Roimh a dteacht fonnmhar... roimh a n-easpa deifre... roimh a gceann scríbe.” (FNNG, 42). Nuair a fógraíodh go raibh siad chun an stáisiún a leagadh ba é an uasaicme a labhair amach ar son an athraithe cé nárbh é a n-áit chónaithe é. Feictear díomá agus brón na dtraimpeanna nuair a tháinig lá na cinniúna don stáisiún. Ba é sin deireadh an dlúthchaidrimh a bhí eatarthu cé nár chuir sé isteach nó amach ar na coisithe a bhí ró-ghnóthach agus ró-dheifreach chun leagan an stáisiúin a thabhairt faoi deara:

“Ar airdín an bhóthair chaoch, ó dheas den stáisiún – mar a raibh a n-amharc féin acu – bhí dornán fear meánaosta ina seasamh. Iad ciúin tostach amhail fíir a bheadh ag fanacht go foighneach taobh amuigh de theach tórraimh go dtionlacfaí corp amach. Is beag suntas a thug coisithe a chuaigh thar bráid dóibh. Ach bhí siad in ann an leagan is an scrios iomlán a fheiceáil mar a bhí siad, boladh an deannaigh, fiú, a bhrath san aer gonta a d’anáil siad ina gcuid polláirí, an torann callánach ceandána a chloisteáil ag poundáil ina gcluasa.” (FNNG, 43-44)

Is scéal an-phearsanta é an scéal ‘Gabh i Leith a Mhéit’. Is léir ón tús go bhfuil an reacaire ag caint leis an léitheoir agus é ag iarraidh a chur ina luí air céard atá i gceist aige lena thuairimí ar an mbás: “B’fhéidir go gceapann tusa go bhfuil sé sin aisteach. Ócé, ceap do rogha rud. B’fhéidir go bhfuil” (FNNG, 97). Déantar pearsantú ar an mbás agus is é tuairim an reacaire gurb é an cara is dílse ar féidir leis brath air. Cuireann sé an bás i gcomparáid le “duine nár casadh ariamh ort ina bheatha, ach a mbeifeá cinnte go réiteofá go maith leis, mar sin féin, dá gcasfaí” (FNNG, 97). Is léir gur ligeadh síos an reacaire le linn a shaoil agus mar thoradh air sin níl mórán muiníne aige as daoine a thuilleadh. Tugtar sampla dúinn den uair nár tháinig a iar-bhean chéile go dinnéar leis cé go raibh sí tar éis an choinne a shocrú leis. Bhuail spadhar feirge é dá bharr. “Níor tháinig an bhitse ar chor ar bith. Sin é anois a chuireann olc

orm, nuair nach féidir glacadh le focal duine” (*FNNG*, 98). Baintear an-úsáid as áibhéil chun a chuid déistine a chur in iúl don léitheoir agus tugann sé sin deis don scríbhneoir codarsnacht a dhéanamh idir leithleachas an chine dhaonna agus dílseacht an bháis. Leanann an Conghaileach ar aghaidh le rannpháirteachas an léitheora sa scéal go dtí an deireadh. Is léir gur coimhthíoch é an reacaire sa tsochaí ina maireann sé agus is é an bás an t-aon rud ar féidir leis brath air. Ach feictear a chumas mothála chomh maith sa chaoi a bhfuil sé de shíor ag iarraidh dteagmháil a bhunú leis an léitheoir:

“Cén uair cheana a tháinig duine do m’iarraidh, ar aon nós!  
Tá sé chomh fada sin ó shin. Tá a fhios agam go maith anois gur  
Cuma le daoine eile fúm – tusa, b’fhéidir, ina measc. Ach ní mar sin  
don Bhás. Táim cinnte den méid sin. Sin an fáth a gcaithfeadh cion  
a bheith agam air.” (*FNNG*, 100-101)

Tá blaiseadh beag den réalachas i scéal teidil an chnuasaigh seo ‘An Fear nach ndéanann Gáire’. Ag tús an scéil feictear an reacaire ag iarraidh a chur ina luí ar an léitheoir nach gcreideann sé na ráflaí atá ann ó thaobh easpa gháire an fhir bhoicht seo. Seans go gcreidtear é anseo: “I gcéad a chomhludair, ní chreidim go bhfuil aon chruthúnas ann ná aon fhirinne sa gcaint gur chaith sé blianta bláfara a óige ag obair i gcuideachta fear eile de bhunús Chonamara i Londain.. (*FNNG*, 67). Ach tar éis an méid sin a bheith ráite aige cuireann an reacaire leis na ráflaí le linn an scéil. Tagann bua na cumadóireachta atá ag an údar go mór chun tosaigh leis na leithscéalta iontach greannmhara a chum sé faoi easpa gháire an fhir bhoicht seo. Cothaíonn sé bá as cuimse leis an bhfear seo i súile an léitheora. Téann an t-údar i muinín na háiféise ó thaobh na gcúiseanna de agus déantar carnadh orthu. Dár ndóigh, tá roinnt de na cúiseanna áibhéalach agus dochreidte, beagnach, ach ag an am céanna tá siad thar a bheith taitneamhach don léitheoir:

‘Ach nár phléasc mo dhuine bocht amach ag gáire go hanalach nuair nár fhéad sé é féin a shrianadh níos faide nó gur

bhain cleatráil an uncail cor cloiginn as ag cur slobán de shíon ghoil chráite isteach ina gháire-ionas nár cloiseadh a mhacasamhail i reilig ná i ngarraí ariamh roimhe sin ná ó shin. (*FNNG*, 72)

Is díol suime é nach n-iarrtar ar an bhfear féin cén fáth nach mbíonn fonn gáire air. In ionad an méid sin glactar le ráflaí na ndaoine agus ní fheiceann an léitheoir pearsantacht an fhir seo ar chor ar bith. Is trí na ráflaí a fhaigheann an léitheoir an t-eolas faoina chruachás.

“É creidte go bhfuil luí faoi leith aige leis an leathgháire. Gur cleasaí críochnaithe atá ann nach ndéanann ach leath dá gháire mar go gcreideann sé go mbíonn leath gach gáire faoi chroí a dhéanta, gurb in é an chúis a gcuireann sé strainc shrianta de chor i leataobh a bhéil chun an leath eile sin den gháire a chosc is a sheachaint... is gur beag an dochar ansin dó a bheith ag gáire is ag fiodgháire faoi chuile dhuine eile.” (*FNNG*, 74)

Castar ar charachtar atá thar a bheith conspóideach sa scéal ‘Mo Rogha Rud a Dhéanamh’. Cuirtear fear i láthair atá ag déanamh machnaimh ar dhúnmharú a thuismitheoirí agus é ag caitheamh a shaoil i bpríosún. Is léir gur fear gortaithe, measctha suas é atá an-searbh faoinar tharla dó ina óige. Feictear go bhfuil daonnachas áirithe ag baint leis ón gcáil a bhí air roimh na dúnmharuithe.

“Is níor chreid duine ar bith gur mise a rinne é. Ar dtús, ar aon nós. Gur thosaigh an fhianaise. Ní duine é a dhéanfadh a leithéid de choir choíche, a d’aitigh go leor daoine. Duine ciúin. Bhí an leaid sin tógtha go maith ag a sheanmháthair. Leaid, a smaoinigh mé... Ocht mbliana déag... (*FNNG*, 89)

Ach ní thaispeánann sé a dhaonnachas nó aon trócaire tríd an scéal agus feictear é mar dhúnmharfóir atá lán le fearg agus le mioscais. Níl sé fiú amháin sibhialta leis an mbreitheamh sa chúirt. Tugann sé freagraí gonta dó atá lán le mailís. Téann an méid dímhéasa atá aige i bhfeidhm ar an léitheoir. Feictear sampla maith nuair a luann sé an Bíobla sa chúirt: “Níl mórán pictiúr sa mBíobla tiubh sin agaibh, an bhfuil, théis a bhfuil de leathanaigh thrédhearcacha ann”. (*FNNG*, 89) Dá mba rud é gur mhair sé i sochaí chomhaimseartha seans go gcuirfi i dteach na ngealt é. Ní

raibh na daoine eile i dteach na cúirte in ann glacadh lena thuairimí seafóideacha éigiallta. Ach in ainneoin an méid sin rinne an fear seo a sheacht ndícheall a chuid tuairimí a chur i láthair sa chaoi a raibh a aigne ag feidhmiú. Cheap sé go raibh an ceart aige a thuistí a mharú mar gur thug siad ‘an tsaoirse’ dó ‘a rogha rud a dhéanamh’. Is léir gur thóg sé an méid a dúirt siad go liteartha gan smaoineamh ar thoradh a chuid gníomhartha. Rud amháin a bhféadfadh an léitheoir a bheith cinnte faoi ná nárbh fhéidir leis maireachtáil i ngnáthshochaí gan dochar éigin a dhéanamh arís. Cé gur mharaigh sé a thuistí a bhí scartha óna chéile cheap seisean gur éacht síochána é an bheirt a mharú gan duine amháin a fhágáil beo. An rud is iontaí ná nach raibh an chiall aige na tuairimí seo a choimeád chuige féin. Léiríonn a ionracas agus a mhacántacht dúinn gur coimhthíoch é atá sáinnithe ina shochaí féin agus is follas nach raibh sé in ann an tacaíocht agus an cion a bhí ag teastáil uaidh a fháil in áit ar bith. Déarfainn gurb é an caidreamh a bhí aige lena thuistí an chúis taobh thiar dá fhulaingt agus seans láidir nach bhfuair sé a dhóthain ceana uathu siúd:

“Céad punt a thug m’athair dom an lá úd. Dúirt sé gur ón mbeirt acu é. Bronntanas beag ón mbeirt acu, a dúirt sé. Iad théis teacht le chéile don lá leis an ócáid a cheiliúradh liom san óstán. An mac cailte. Ní raibh ceachtar againn cinnte céard ba mhaith leat, a dúirt sé. Cén chaoi a mbeadh? Chomh maith agus dá mba ghrá dó é a rá. Má thugann muid airgead duit is féidir leat cibé rud is maith leat féin a cheannacht. Tá tú fásta suas anois, bail ó Dhia ort. Tá tú sna fir. Is féidir leat do rogha rud a dhéanamh. Dul do bhealach féin. Shílfeá gurbh é a thóg mé, gur díreach ansin a bhí mé ag imeacht uaidh, gurb é a thóg mé is a d’fhulaing liom dá réir” (FNNG, 90)

Scéal ealaíonta eile ina bhfeicimid fear nach bhfuil siúrálte céard atá á lorg aige is ea an scéal ‘Ag Cuartú Cúise’. Feictear an fear seo ag útamáil timpeall a thí i rith an scéil go léir. Is léir nach bhfuil mórán normáltachta ag baint le saol an charachtair seo. Is ionann an reacaire is an fear seo mar sin feictear nach bhfuil mórán ar a intinn ach an rud seo, pé rud é, a chuartú. Is é sin cuspóir a shaoil. Ní féidir leis

cur suas le héinne a bheith ag cur isteach air ina dhomhan féin. Is follas gur chuir buachaill beag na comharsan isteach go mór air. Feictear anseo atmaisféar mí-chompordach teannasach idir an fear agus an buachaill óg. Is léir nach raibh na comharsana agus an fear seo in ann maireachtáil le chéile gan a bheith ag teacht salach ar a chéile. Feictear mí-mhúinteacht an fhir anseo mar aon le heaspa tuisceana na comharsan:

“Dúirt Deaid is Maim liom a rá leat go raibh sé in am agat dul a chodladh. Dúirt! Codladh an tsicín ar an *lot* agaibh, a deirimse leis. Nach mór a bhaineann mé daoibh! Ah? Ní libh mé. Dá ndéanfadh sibhse lá fada oibre cosúil liomsa. Is maith an biorán suain é an tuirse, is maith sin. Ach is sibh féin atá ceart i gcónaí, is sibh sin agus dhún mé an doras de phlap amach sa straois air”  
(*FNNG*, 106)

Fear osnádúrtha atá i gceist sa scéal ‘Ag Ithe Daoine’. Léiríonn scéal den saghas seo cé chomh mór is atá réimse samhlaíochta an údair tar éis leathnú amach ina chuid scríbhneoireachta. Tá atmaisféar sceirdiúil ag an scéal seo ó thús deireadh agus is é bua an Chonghailigh ná go spreagann an t-atmaisféar seo fiosracht an léitheora ón tús. Fiú amháin ag tús an scéil tá sé soiléir gur fear bagrach, mí-mhúinte é a chasann leis an reacaire. “Nár dhúirt mé leat go raibh tú ag dul an bealach mícheart?” (*FNNG*, 27). Is cineál coimhthígh é an fear seo nach gcloíonn le gnáthnósanna na sochaí chomhaimseartha. Bhí sé thar a bheith fiosrach agus scanraigh sé an reacaire lena mhí-mhúinteacht agus lena chaint bharbartha. Ní fios don léitheoir cá stopfaidh an t-iompar seo nuair a thosaíonn sé ag ithe chuile shórt a bhí istigh i mála an reacaire. Ach ardaítear an teannas nuair a luann sé go bhfuil anghoile fós aige agus ansin feiceann sé an fógra ‘No trespassing’. Ag an bpointe seo tagann gruaim ar an reacaire agus tuigeann sé go bhfuil a bheatha i mbaol. Bhí tuairim áiféiseach seafóideach ag an bhfear seo gur cheart dó, daoine a ithe ar son na timpeallachta mar chineál athchúrsála. Is dócha gur aisíoc a bhí i gceist de bharr an

dochair a bhí déanta ag an gcine daonna don timpeallacht. Feictear gur thaitin an tuairim seo leis an reacaire ar dtús mar go dtabharfadh sé seans dó fáil réidh lena bhean chéile chantalach sa bhaile agus bheadh an deis aige a mhianta collaí a shásamh lena rogha fir. Is léir nach raibh suim ag an bhfear seo ach sa reacaire agus feicimid cé chomh meatach agus lag is atá sé in am a chinniúna:

“ “Is má ligimse duitse mé a ithe suas anois, an mbeidh mo chion déanta agam?” a d’fhiafraigh mé, go soineanta, mar dhea.

“Do chion?...”

“Mo chion, sea,” a deirimse. “Mo chion ar son na cúise, cibé cúis í féin... cúis na timpeallachta, na gcoillte, na farraige, na sochaí, na míolta móra – ó, agus ar son an phoill mhóir atá ag méadú chuile lá os ár gcionn san ózón.” Mé ag rá liom féin go raibh sé chomh maith dom é a chaitheamh isteach freisin, ó bhí sé ina údar inní chomh mór sin don saol faoi láthair.

“Beidh, cinnte,” a dúirt sé, go sásta. “Ar m’anam, beidh. Nach maith a thuigeann tusa céard atá go maith dhuit féin, céard atá go maith don chine daonna, céard atá go maith don domhan, bail ó Dhia ort. Athchúrsáil. Daoine. A bheith saor.”” (FNNG, 34)

Feictear an choimhlint fós ar siúl faoi theagasc na hEaglaise Caitlicí i scríbhneoireacht an Chonghailigh sa scéal ‘Cos Liombó’. Ní hé seo an chéad uair a luann an Conghaileach Liombó mar a fheicimid sa scéal ‘Leabhar na bPeacaí’ (Fch, FAP, 68). Feictear timpiste bóthair ar dtús agus roinnt daoine bailithe thart ag fiosrú céard a tharla. Ba iad cneastacht agus fiosracht na ndaoine a mheall ann iad ar an gcéad dul síos. Ach ní mar sin a bhí sé i gcás fir amháin darb ainm ‘Simpleoir’. Chuir an duine áiféiseach seo isteach ar na dochtúirí, ar na daoine eile thart, agus ar an sagart. Bhí sé de shíor ag cur ceisteanna amaideacha chun aird a tharraingt air féin. Nuair a beartaíodh gur cheart an chos a bhaint den othar fuair Simpleoir scóip níos fairsinge chun a thuairimí éigialta a léiriú “Is cén áit a gcaithfear í a ghearradh, mar sin?” a d’fhiafraigh sé os ard, é ag cur músice ar sheanbhean a dhruid de leataobh san am céanna” (FNNG, 49) Cheap Simpleoir go mbeadh Liombó i ndán don chos go dtí gur smaoinigh sé go raibh Liombó imithe. Tuairimí nimhneacha, gangaideacha,

goimhiúla a bhí ag an slua nuair a d'aithin siad gur chos Réamonn Rua Ribeach a bhí ann. Is casadh iontach a fhaightear anseo mar anois feictear an taobh eile den slua, rud nach bhfacthas cheana. Is léir gur drochdhuine é Réamonn Rua agus tosaíonn siad ag argóint leis maidir lena chos i gcomhráite atá thar a bheith greannmhar don léitheoir. “Agus nach í an chos mhallaithe úd a chiceáil m’fhear céile sna magairlí is a chuir ó rath é, a chiceáil isteach doirse siopaí, a hasc is a chuir cor coise i ndaoine macánta... (FNNG, 55). Ní hé sin an t-aon chasadh sa scéal. Músclaítear iontas mór i measc an tslua ag deireadh an scéil nuair a léimeann cos Réamonn Rua suas cé go bhfuil sí bainte de agus feictear gur tharla an mhíorúilt seo d’fhear chomh mí-mhúinte agus bagrach le Reamonn Rua Ribeach.

“Agus leis sin nár léim an chos scoite casta suas ina seasamh láithreach, ag baint preibe as na dochtúirí a d’fhéach ar a chuid lámh is a chúlaigh siar ar chúl an otharchairr le teannadh. Baineadh preab as gach neach beo ach amháin Réamonn Rua Ribeach ar tháinig meangadh ollmhór sástachta ar a bhéal. Shiúil an chos timpeall go mórálach ar bharr a méaracha agus í ag cur guailí uirthi féin amhail is dá mba léi féin an áit dá mbeadh ag breathnú ar mhíorúilt ag tarlú os a chomhair amach. Rith Bid Liam siar an bóthar, i dtreo an tséipéil agus sodar fúithi, í á coisreacan féin is a paidrín ag cur allais ina glaic. Chúlaigh na daoine eile siar go faiteach agus stán síos ar an gcois a mheas siad a bhí ar tí dul ag rince... nó b’fhéidir ag ciceáil...” (FNNG, 56)

Déarfainn gurb é an scéal ‘Reilig na bFocla’ ceann de na gearrscéalta is fearr a tháinig riamh ó pheann Uí Chonghaile. Taispeánann sé go bhfuil an tsamhlaíocht, bua na cumadóireachta, an mháistreacht teanga, agus an cumas ealaíonta aige a chinntíonn go bhfuil sé ar dhuine de na scríbhneoirí Gaeilge is fearr dá bhfuil ann. Seans go bhfuair sé smaoineamh na reilige ó úrscéal cáiliúil an Chadhnaigh *Cré na Cille*. Baintear úsáid as réim teangacha difriúla chun gnéithe difriúla na gcarachtar mar aon le greann a chothú i *gCré na Cille*. “Is pearsana so-aitheanta iad Caitriona, Tomás Taobh Istigh, An Máistir Mór agus go leor eile in *Cré na Cille*, baill de phobal so-

aitheanta, agus tá eolas agus aithne ag an bpobal sin orthu ” (Denvir, 1989,143). Is beag difríocht atá ag baint leis an scéal ‘Reilig na bhFocla’. Feictear greann, íoróin agus fimíneacht na bhfocal difriúla ann tríd síos. Bhí roinnt acu searbhasach agus nimhneach cé go raibh roinnt eile soineanta agus saonta. Is í an deighilt aicme seo idir na focail a léiríonn an fhimíneacht atá sa tsochaí ina maireann siad.

Cuirtear cruachás Fhocailín i láthair go cruthaitheach réchúiseach ag ‘Comhdháil mhór Idimáisiúnta na bhFocal’ Ba é cuspóir na comhdhála beatha a thabhairt ar ais do Fhocailín. Tugtar ainmneacha feiliúnacha do na focail éagsúla rud a chuireann go mór le híoróin agus le dráma na comhdhála. Ba iad na focail bheaga cosúil le Focailín féin a bhí buartha faoi chruachás Fhocailín. Feictear iad ag déanamh a ndícheall oibriú amach cé hé. Bhí tuairimí greannmhara ag roinnt acu. “Seachain nach coillteán é nó focal a fuair malairt gnéis sa saol bocht dearóil ina bhfuil muid” (FNNG, 129) Ach ansin ba iad na focail mhóra a bhí níos buartha faoina stádas féin sa tsochaí ná aon ní eile. Ba chuma leo faoi Fhocailín. Tugtar réim teanga níos airde do na focail úd rud a chuireann go mór lena stádas:

“Tá an ceart ar fad ag Mídhleathach,” arsa Homaighnéasach. “Féach an dímhéas a chaitear liomsa naoi lá na seachtaine. Ní fhógraítear amach go hard soiléir mé de ghnáth ach mé díbeartha amach as béal daoine i mo chogar mogar tarcaisneach formhór an ama”.

“Tá beirt againn ann,” arsa Aerach. “Nár baineadh an craiceann bán anuas díomsa agus cuireadh cló eile orm.” (FNNG, 130)

Is léir nach raibh na focail mhóra thábhachtacha sásta faoin tsochaí inar mhair siad beag ná mór. Bhí siad ag iarraidh reibiliúin a thosú in aghaidh na ndaoine agus ba é an focal ‘Údarás’ ceannródaí an reibiliúin. Bhí sé den tuairim gurb iadsan na focail a thugann an tsaoirse don chine daonna. Tá sé follasach gur microcosm é an chomhdháil seo den saol mór taobh amuigh. An rud is íorónta faoin gcomhdháil agus

faoin gcaint áiféiseach a bhí ar bun ag na focail ardnósacha siúd ná gur éalaigh Focailín i lár na hócáide i ngan fhios do na mílte focal a bhí i láthair. Níos íorónta fós, bhí sé beo beathach le linn na comhdhála cé nár lig sé air go raibh mar ba ghráin leis fimíneacht na bhfocal áirithe úd. Tugtar cur síos an-ghreannmhar dúinn ar a thuras deireanach ón gcomhdháil go dtí an puiteach. Tá sé ar nós cartúin thaitneamhach do pháistí a bhí lán d'éigiall agus d'áibhéil.

““Focailín focáilte,” a scairt an naíonán amach, é ag lingeadh an fhocail le fórsa fuipe amach as a bhéal, suas sa spéir dhorcha ionas nár stop ná nár stad nó gur thit de phlub-phlab sa bpuiteach bog a bhí i mbun an locha i Muiceanach Idir Dhá Sháile na gCloch mar ar fritheadh é an chéad lá ariamh. Siollaí bainte as ag an taisteal is an tuirlingt” (FNNG, 137-138)

Ar deireadh thiar thall feictear é ar mhuintir na muice toisc go bhfuil sé saor ón rás aicmeach a bhí ar siúl ag roinnt de na focail. Is ábhar mór áthais don léitheoir é go bhfuair sé an lámh in uachtar ar na focail bhréagacha, leithleacha a bhí ina n-ábhar buartha dó le tamall fada. Tá saoirse bainte amach aige agus chun an scéal deireanach a chríochnú sa chnuasach seo fágtar sinn le radharc osnádúrtha cé gur radharc áthasach é:

“Ach tá mé saor anois óna gcrúba ingearacha, óna bhfiacra géara is óna dteangacha léasacha agus gan iad mé a cheangal ná a chuibhriú ná a chur i sáinn. Agus lena chinntiú nach ndrannfaidh aon neach beo choíche beo aríst liom criogfaidh mé mé féin i mo smionagar anois as lámh.” Agus mhéadaigh sé é féin nó go raibh ina bhalún mór mór mór... is phléasc sé amach ina smidiríní –ag gáire” (FNNG, 138)

Is cuid lárnach é an éigiall i roinnt mhaith scéalta de chuid Uí Chonghaile. Tugann an méid sin scóip don údar scéalta úra a chruthú. Tá sé tar éis bealaí nua a aimsiú dó féin ionas go mbeidh sé in ann carachtair éigiallta a chruthú le fadhbanna nach mbaineann leis an ngnáthshaol. Ag an am céanna feictear an íogaireacht chéanna

sna carachtair úd is a bhí ag roinnt carachtar eile a tháinig rompu ach anois maireann siad i saol osnádúrtha samhailteach.

## Conclúid

Ba mhaith liom a áiteamh gurb é Micheál Ó Conghaile duine de na scríbhneoirí Gaeilge is críochnúla agus is cumasaí atá ann ó ré na hathbheochana i leith. Feictear a chumas agus a mháistreacht in pé seánra ina scríobhann sé. Éiríonn leis dul i bhfeidhm ar an léitheoir lena shamhlaíocht chruthaitheach. Feictear an Conghaileach i mbarr a cheirde nuair atá téama conspóideach á phlé aige. Is ansin a fheictear an leochaileacht agus an íogaireacht ina chuid scríbhneoireachta. Cé gur scríbhneoir reibiliúnach dásachtach é éiríonn go geal leis bá an léitheora a chothú leis na carachtair a chruthaíonn sé. Seans go spreagtar tuiscintí nua sa léitheoir de bharr chumas na scríbhneoireachta sin.

I gcuid mhaith de scéalta an Chonghailigh feictear go mbaineann na carachtair leis an mionlach sa tsochaí. Bíonn fadhbanna ag roinnt acu dá bharr. Téann an scríbhneoir go domhain isteach sa scéal toisc go gcuireann an méid sin isteach go mór ar na carachtair. Ní fhágann sé an-chuid mionsonraí ar lár agus cuirtear in iúl cé chomh deacair agus chomh corraitheach is a bhíonn cúrsaí do na carachtair. Cuirtear an carachtar Eoin Póil san úrscéal *Sna Fir* i láthair sa chaoi sin agus feictear an tranglam mór intinne a fhulaingíonn sé de bharr é a bheith homaignéasach. Ní raibh sé ar a shuaimhneas leis na daoine ina áit dhúchais ar fhaitíos go bhfaighidís fios a rúin. An t-aon ábhar dóchais agus faoisimh a bhí aige ná go raibh sé in ann a bheith ar a shuaimhneas sa chathair. Is ansin a fheictear é ag triail rudaí nua den chéad uair. Is léir gur éirigh frustrachas thar cuimse ann i gcoinne na hEaglaise agus an Phápa nuair a smaoinigh sé siar ar na tuairimí cúng-aigeanta a bhí acu i gcoinne an phobail. Ba chéim chróga é do scríbhneoir Éireannach carachtair a chruthú le meon chomh diúltach sin i gcoinne na hEaglaise. Ach é sin ráite músclaítear agus cothaítear bá an

léitheora le Eoin Póil toisc é a bheith chomh hionraic agus macánta ina chuid smaointe agus ina chuid tuairimí.

Feictear cruachás carachtar eile de bharr iad a bheith difriúil sa scéal ‘Athair’ (*FAP*) agus sa dráma *Cúigear Chonamara*. Cothaítear teannas den scoth ó thús deireadh an scéil ‘Athair’ (*FAP*) nuair a insíonn an mac dá athair gur homaighnéasach é. Léiríonn an scéal seo an easpa tuisceana agus an t-aineolas a bhí ag an athair ar an ábhar. Cé go raibh an misneach ag an mac teacht amach lena rún, fós ní raibh an tsaoirse aige a rogha ruda a dhéanamh ar a shuaimhneas. Bhí sé mar an gcéanna leis an gcarachtar Danny i *gCúigear Chonamara*. Cé gur duine deas cneasta é ní or ligeadh dó a rogha rud a dhéanamh i *gConamara* ar a shuaimhneas. Ba chnámh spairne é a thrasghléasadh do na carachtair eile ann. Cé gur téama conspóideach é an trasghléasadh ba éacht scríbhneoireachta é an chaoi leochaileach a raibh an Conghaileach in ann déileáil leis agus gnéithe éagsúla an téama sin a chur in iúl.

I gcuid mhaith scéalta de chuid Uí Chonghaile feictear tuairimí na sochaí ina maireann na carachtair ag cur isteach go mór ar na carachtair ann. Is scéal iontach é an scéal ‘An Díbirt’ (*MAC*) a léiríonn an dochar a dhéanann tuairimí mí-dhaonna do dhaoine áirithe. Is léir gur dhíbir athair Mháirín í óna háit dhúchais nuair a fuair sé amach go raibh sí ag iompar linbh. Trí leideanna agus imní Mháirín tugtar léargas don léitheoir ar an gcaoi ar chuir an eachtra seo isteach chomh mór ar an mbean óg. Tá sí fós an-searbh lena hathair agus é sa chónra na blianta tar éis na díbeartha. Scéal eile ina bhfeictear bean ag dul trí thranglam mór intinne is ea ‘Comhaduimhreacha’ (*MAC*). Cuirtear neirbhís agus corraíl na mná seo i láthair go máistriúil. Is léir gurbh ábhar mór conspóide é an ginmhilleadh san am ar scríobhadh an scéal ach ag an am céanna éiríonn thar cionn leis an gConghaileach léargas nua a thabhairt don léitheoir ar an ábhar. Ní raibh easpa misnigh ag baint leis an gConghaileach riamh ina chuid

scríbhneoireachta agus léiríonn sé a dhásacht nuair a scríobhann sé scéal faoi fhéinmharú agus faoin gcolscaradh i lár na n-ochtóidí in Éirinn chomh maith lena scéal faoin nginmhilleadh. Feictear fear óg atá ciaptha le himní agus le haiféala faoi fhéinmharú a charad sa scéal ‘Féincheist’ (MAC). Tá sé ar nós nach mbeidh sé ar a shuaimhneas go deo na ndeor faoinar tharla ach san am céanna tá sé fágtha le cuimhní greannmhara ar an mbeirt acu sa tréimhse a raibh siad ag crochadh thart le chéile. Is scéal i bhfad níos gairbhe agus níos fuaire é an scéal ‘An tSacraimint’ (MAC) sa chaoi a labhraíonn an fear faoina bhean chéile. Ní thaispeánann sé meas ar bith uirthi agus is ábhar faoisimh don léitheoir é sa deireadh nuair a imíonn sí uaidh.

Cé go leanann an chonspóid i scéalta de chuid an Chonghailigh ar aghaidh ó thús deireadh a chuid saothar feictear na carachtair ag éirí níos aibí agus níos féinmhuiníní astu féin. Fanann tuairimí cúngaigeanta searbhasacha na sochaí sna scéalta ach forbraítear smaointe agus tuiscintí difriúla sna carachtair ionas go mbeidh siad in ann seasamh suas dóibh féin. Feictear é sin sa scéal ‘An Fear Gorm’ (FNNG). Is léir go bhfuil an aibíocht ag an bhfear sa scéal seo sa chaoi a bhfuil sé in ann freagra glic a thabhairt ar na daoine a bhí ag déanamh ábhar magaidh dá leannán. Tá an tréith chéanna le feiceáil sa reacaire sa scéal ‘Cailte i gConamara’ (FNNG). Níl sé sásta íde béil a fháil ón sagart maidir lena mhianta collaí gan aisfhreagra a thabhairt air. Baineann an tréith sin le Danny chomh maith sa dráma *Cútgear Chonamara*. Taispeánann sé foighne i leith Cynthia agus meas uirthi ach san am céanna níl sé sásta é féin a athrú agus bhí uirthi cur suas leis an méid sin. Is léir go raibh sé ar a shuaimhneas leis féin agus bhí an aibíocht agus an mhuinín aige é sin a rá amach go neamhbhalbh le Cynthia.

Nuair a dhéantar scagadh air is follas go bhfuil coimhlint ar siúl idir luachanna carachtair an Chonghailigh agus teagasc na hEaglaise Caitlicí. Luaitear na cléirigh i

riar maith scéalta de chuid an Chonghailigh ach go hiondúil is dearcadh diúltach go leor a sholáthraítear. I scéal teidil an chnuasaigh *Mac an tSagairt* feictear fear óg atá an-amhrasach faoi dhul isteach sa tsagartóireacht. Is léir nach bhfuil sé sásta na botúin chéanna is a rinne a athair a dhéanamh. Cuirtear tuairimí thar a bheith neamhshubstantiúil i láthair mar chúis dó a bheith ina shagart ach ní théann na cúiseanna i bhfeidhm ar an léitheoir. Déantar ábhar magaidh de bhun-thuairimí na hEaglaise Caitlicí sa scéal ‘Leabhar na bPeacaí’ (*FAP*). Ceistíonn an bheirt chléireach sa scéal roinnt tuairimí faoi Liombó agus faoi pheacaí. Léirítear fimíneacht na gcléireach go soiléir sa scéal ‘As lámh a chéile’ (*FAP*) go háirithe nuair atá tuairimí láidre an tsagairt sa scéal ‘Cailte i gConamara’ (*FNNG*) san áireamh. Cuirtear fear óg homaighnéasach i láthair sa scéal ‘As lámh a chéile’ (*FAP*) agus é ar a bhealach amach sa tóir ar bhabhta craicinn le duine éigin sa chathair. Nuair a bhuaileann sé le fear eile tugtar cur síos gáirsiúil ar ar tharla eatarthu. An rud is suimiúla faoin eachtra ná gur shagart é an fear eile, rud nach raibh an léitheoir nó an reacaire ag súil leis. Ag deireadh an scéil tugtar cur síos an-ghairid den sagart ag ofráil aifrin. Sa scéal ‘Cailte i gConamara’ (*FNNG*) cuirtear sagart i láthair le tuairimí seanfhaiseanta nimhneacha ó thaobh cúrsaí homaighnéasaigh de.

Feictear scéalta an-chonspóideacha bunaithe ar mhianta éagsúla na gcarachtar i scríbhneoireacht an Chonghailigh. San úrscéal *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny* níl an léitheoir in ann a bheith cinnte an bhfuil eachtraí an scéil seo ag titim amach i ndáiríre nó an seachrán inmheánach amháin atá ann. Leantar den éiginnteacht sin ó thús deireadh an úrscéil. Chomh maith leis sin, éiríonn go maith leis an gConghaileach bá an léitheora a chothú le cás an tseanfhir de bharr a uaignis agus a sheanaoise. Scéal eile atá thar a bheith dásachtach is ea an scéal ‘An Mercyfucker’ (*FNNG*). Téann an Conghaileach go domhain isteach in intinn an fhir atá ag cur seirbhíse ar leith ar fáil.

Cuirtear a thuairimí ar an ábhar i láthair go híogair maoithneach agus ar deireadh thiar thall seans go bhfuil an léitheoir in ann glacadh lena thuairimí ar an ábhar. Feictear an galar SEIF san úrscéal *Sna Fir*. Tá teannas dochreidte ann le linn scrúdú an dochtúra ar Eoin Phóil. Cuirtear buairt agus inní Eoin Phóil i láthair go healaíonta agus léiríonn an téama cé chomh cumasach is atá Ó Conghaile mar scríbhneoir sa chaoi a raibh sé in ann téama chomh conspóideach sin a chur i láthair ar bhealach tuisceanach éifeachtach.

Feictear dul chun cinn suntasach i réimse agus i scóip scríbhneoireacht an Chonghailigh sa dhá chnuasach gearrscéalta is deireanaí uaidh *An Fear a Phléasc* agus *An Fear Nach nDéanann Gáire*. Is ansin a fheictear é ag leathnú amach ina chuid scríbhneoireachta ón ngearrscéal coinbhinsiúnach go gearrscéalta atá lán le héigiall agus le fantaisíocht. Cuirtear carachtair i láthair nach mbaineann leis an ngnáthshaol beag ná mór ach ag an am céanna feictear na fadhbanna ceannann céanna á bhfulaingt acu de bharr iad a bheith difriúil ó fhormhór na sochaí ina maireann siad. Is ansin a bhlaiseann an léitheoir de shamhlaíocht agus de chruthaitheacht an Chonghailigh agus é i mbarr a cheirde.

Sa chnuasach gearrscéalta *An Fear A Phléasc* feictear meascán iontach den réalachas agus den éigiall i roinnt de na scéalta. Ar an iomlán is í an tsamhlaíocht agus modh scéalaíochta an údair a sheasann amach. Tá forbairt mhór le feiceáil ó thaobh na samhlaíochta de ó na scéalta sa chnuasach *Mac an tSagairt*. I gcuid mhaith de na scéalta cothaítear tuiscint mhaith idir an reacaire agus an léitheoir toisc go labhraíonn an reacaire chomh hoscailte sin leis an léitheoir. Cabhraíonn sé sin go mór le tuiscint an léitheora a fheabhsú ar an domhan fantaisíochta ina maireann na carachtair. Sa scéal ‘Seacht gCéad Uaireadóir’ (*FAP*) feictear an gnáthshaol agus an saol éigiallta ina maireann an siopadóir ag teacht salach ar a chéile. Ag tús an scéil ní

raibh an reacaire in ann an siopadóir a thuiscint ach tar éis tamaill téann an domhan éigiallta ina mhaireann an siopadóir isteach ar an reacaire. Ag deireadh an scéil feictear go bhfuil tuiscint i bhfad níos fearr idir an bheirt acu. Scéal eile atá cosúil leis sin is ea ‘Ar Phinsean sa Leithreas’ (*FAP*) nuair nach bhfuil na daoine taobh amuigh den doras agus an fear taobh istigh in ann iad féin a thuiscint. Is é an greann ceann de na gnéithe is suntasaí faoin scéal seo. Tugtar fealsúnacht thar a bheith greannmhar don bhfear taobh istigh rud a chabhraíonn go mór le taitneamhacht an scéil.

Níl réalachas dá laghad ag baint le roinnt scéalta. Cuirtear carachtair i láthair nach bhfuil cinnte faoina bhféiniúlacht féin. Ligtear dóibh a rogha rud a dhéanamh ina ndomhan samhailteach féin. Déantar pearsantú ar scáil carachtair amháin sa scéal ‘Faoi Scáth Scáile’ (*FAP*). Is ábhar mór imní don charachtar anois nach bhfuil sé in ann réiteach go maith lena scáil a thuilleadh. Is díol suime é an chaoi a gcuirtear buairt agus imní an charachtair seo i láthair sa saol áiféiseach ina maireann sé. Déantar pearsantú eile ar an saol sa scéal ‘An Chéad Duine Eile’ (*FAP*). Cuireann an méid sin saol an pháiste óig bun os cionn i mbroinn a mháthar.

Baintear níos mó úsáide as an ngreann dubh sna scéalta éigiallta nó mar a baineadh as na scéalta luatha ón gConghaileach. Feictear é sin sa scéal ‘Bualadh an Bháis’ (*FAP*) nuair a thagann fear ar ais ó na marbh. Cé go raibh an pobal go léir dá mholadh nuair a bhí sé marbh athraíonn siad a meon go hiomlán nuair a éiríonn sé ó na mairbh. Is ansin a thaispeántar cé chomh fimíneach is a bhí siad nuair a bhí sé “marbh”. Cothaíonn tuairimí an phobail greann iontach sa scéal. Feictear greann dubh sa scéal ‘An Fear a Phléasc’ (*FAP*) chomh maith. Cé gur radharc ainnis é duine a bheith i smidiríní tar éis pléascadh cothaítear greann tríd síos de bharr na dtuairimí seafóideacha a bhí ag an mbeirt fhear a bhí i láthair ag an am. Is léir nach fir chliste

iad agus mar thoradh air sin i ngan fios dóibh féin cruthaíonn siad greann den scoth a chasann aird an léitheora ón rud gránna a bhí tar éis tarlú.

Is sa chnuasach gearrscéalta *An Fear Nach nDéanann Gáire* a fheictear chuile shórt ag tarlú, ó dhaoine ag ithe daoine eile go focail ag caint le chéile i reilig. Is dócha go raibh téamaí an chnuasaigh seo pléite ag an gConghaileach cheana féin ach anois tá bealaí níos cruthaithí agus níos críochnúla forbartha aige chun iad a phlé arís. Feictear coimhlint i riar maith de na scéalta idir na carachtair agus an tsochaí ina maireann siad. Is léir gur coimhthígh iad roinnt acu atá sáinnithe ina sochaí. Cuirtear fear i láthair sa scéal ‘Mo Rogha Rud a Dhéanamh’ (*FNNG*) nach féidir leis maireachtáil i sochaí chomhaimseartha ar bith. Cé gur carachtar thar a bheith conspóideach é lena thuairimí dainséaracha ar chúrsaí an tsaoil díríonn an Conghaileach isteach ar fhréamhacha na faidhbe atá ag an bhfear óg freisin. Is ón méid sin a fheictear an taobh daonna den bhfear, cé gur blaiseadh beag é. Cuirtear fear eile i láthair nach bhfuil an tsochaí ina maireann sé in ann é a thuiscint sa scéal ‘An Fear Nach nDéanann Gáire. (*FNNG*)’. Feictear samhlaíocht thorthúil an Chonghailigh sa scéal seo leis na tuairimí taitneamhacha greannmhara a thugann sé don léitheoir. Is ó thuairimí an phobail a fhaigheann an léitheoir aon eolas faoin bhfear sa scéal seo agus mar thoradh ar na ráflaí agus ar fhiosracht an phobail éiríonn leis an gConghaileach spéis an léitheora a mhúscailt i gcás an charachtair seo. Is cuma an ar an domhan réaláioch nó ar an domhan éigiallta atá an Conghaileach ag scríobh, éiríonn leis dul i bhfeidhm go héifeachtach ar a phobal léitheoireachta .

Tá súil agam gur léir ón scagadh atá déanta sa tráchtas seo agam gur scríbhneoir dásachtach cumasach é Micheál Ó Conghaile. Roghnaíonn sé scríobh faoi théamaí móra conspóideacha agus déanann sé é go máistriúil. Baineann an Conghaileach úsáid iontach as a shamhlaíocht chruthaitheach agus feictear é ag éirí

níos misniúla agus níos turgnamhaí ó thosach na n-ochtóidí i leith. Meascann sé an éigiall agus an réalachas le chéile chun scéalta atá thar a bheith ealaíonta a chruthú. Tá an nós aige díriú isteach ar chruachás carachtair amháin i bpé seánra ina scríobhann sé. Tá an toil agus an misneach aige na tuairimí agus na gníomhaíochtaí is íogaire agus is príobháidí a léiriú go neamhbhalbh don léitheoir. Ach is é an chaoi rí-éifeachtach a gcuirtear cás na gcarachtar seo ar fad i láthair an ghné scríbhneoireachta is mó dá chuid a scarann amach ó scríbhneoirí Gaeilge eile é agus thairis sin, is léir nach mbeidh suaimhneas intinne ag roinnt dá charachtair sa tsochaí ina maireann siad go deo na ndeor.

## Saothair Mhichíl Uí Chonghaile

(de réir na ndátaí a fhoilsíodh iad)

-1986. *Mac an tSagairt*, Cló Iar-Chonnachta, Conamara.

- Féincheist
- Mac an tSagairt
- An tsacraimint
- An Díbirt
- Comhaduimhreacha
- An Teachtaireacht
- Dáir

-1997. *An Fear A Phléasc*, Cló Iar-Chonnachta, Conamara.

- An Fear a Phléasc
- Seacht gCéad Uaireadóir
- As Láimh a Chéile
- Faoi Scáth Scáile
- Leabhar na bPeacaí
- Ar Pinsean sa Leithreas
- An Mála Freagraí a Goideadh
- Gabhal na gcloch
- An Chéad Duine Eile
- Ag Pacáil
- Bualadh an Bháis
- An Charraig
- Athair

-1999. *Sna Fir*, Cló Iar-Chonnachta, Conamara.

-2002. *Seachrán Jeaic Sheáin Johnny*, Cló Iar-Chonnachta, Conamara.

-2003. *An Fear Nach nDéanann Gáire*, Cló Iar-Chonnachta, Conamara.

- Cailte i gConamara
- Ag Ithe Daoine
- Ag an Stáisiún
- Cos Liombó
- An Mercyfucker
- An Fear nach nDéanann Gáire
- An Fear Gorm
- Mo Rogha Rud a Dhéanamh
- Gabh i leith, a Mhéit
- Ag Cuartú Cúise
- An Dioltóir Tí
- Reilig na bhFocla

-2003. *Cúigear Chonamara*. Cló Iar-Chonnachta, Conamara.

## Leabharliosta

- Byrne, Annette. 1998. "An tsamhlaíocht ag pléascadh", *Comhar*, Deireadh Fómhair, 25-26.
- Denvir, Gearóid. 1987. *Cadhain Aonair: Saothar Liteartha Mháirtín Uí Chadhain*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath.
- 1989. Máirtín Ó Cadhain: Scríbhneoir Nua-aimseartha Iar-Fhreudach" in Ó hAnluain (eag.) *Léachtaí Uí Chadhain*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 152-65.
- 1991a. "Ál an Fhathaigh", *Comhar*, Nollaig, 22-36
- Denvir, Gearóid agus Ní Dhonnchadha, Aisling (a roghnaigh). 2000. *Gearrscéalta an Chéid*, Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara.
- Ferguson, Suzanne C. 1982. "Defining the Short Story: Impressionism and Form", *Modern Fiction Studies*, Iml. 20, Earrach, 13-24
- Mac Cába, Antón. 2002. "Aithne ar Phobal Eile", *Comhar*, Samhain, 23-24.
- Mac Lochlain, Antain. 1999. "Úrscéal Aoibhinn Aerach", *Comhar*, Nollaig, 29-30
- Ní Annracháin, Máire agus Nic Dhiarmada, Bríona (eagarthóirí), 1998a. *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de chritic na Gaeilge*, Cló Ollscoile Chorcaí, Corcaigh.
- Ní Chléirigh, Siobhán. 1990. *Eiriceachtaí agus Scéalta Eile le hAlan Titley: Saothar Iar-Nua-Aoiseach*. Miontráchtas M.A., Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.
- Ní Dhonnchadha, Aisling. 1987. Léirmheas ar *Mac an tSagairt*, M. Ó Conghaile, *Comhar*, Márta, 27-28
- 2002. *Idir Dhúchas agus Dualgas: Staidéar ar Charachtair Mhná sa Ghearrscéal Gaeilge 1940-1990*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath.
- Ní Ghairbhí, Róisín. 2003. "Nua-dhráma sa Taibhdhearc", *Comhar*, Deireadh Fómhair, 17.
- Ní Néill, Máire. 1996. *Beatha Dhuine a Thoil'*, Coiscéim, Baile Átha Cliath.
- Ó Cadhain, Máirtín. 1969. *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*, An Clóchomhar, Baile Átha Cliath.

Ó Conghaile, Micheál. 1986. *Iris '86*, RTÉ. Clár teilifíse. Micheál Ó Conghaile faoi agallamh ag Mairéad Ní Nuadháin, 10 Samhain.

-1987. "Meon na himirce" *Irisleabhar Mhá Nuad*, 260-73.

-1988. Conamara agus Árainn 1880-1980: Gnéithe de Stair Shóisialta, Cló Iar-Chonnachta, Conamara.

-2002. "Peann agus Peann eile", *Comhar*, Samhain, 10.

Ó Doibhlin, Breandán. 1973. *Litriocht agus Léitheoireacht*, Cló Mercier, Corcaigh agus Baile Átha Cliath.

Ó Dúshláine, Tadhg. 1978. "Múineadh an Ghearrscéal", *Léachtaí Cholm Cille IX*, 77-109.

Onions, C. T. (Revised and Edited by). 1933 *The Shorter Oxford Dictionary on Historical Principals*. Volume 1 A-M, At The Clarendon Press, Oxford.

Shaw, Valerie. 1983. *The Short Story: A Critical Introduction*, Longman, London.

Titley, Alan. 1987. "An Bobailín á scaoileadh amach", *Comhar*, Nollaig, 40-43.

-2003. "Anarchy, Artistry, Ailments", *The Irish Times*, 4 October, Weekend, 3.

Uí Anluain, Caitlín. 1995. "Téama na Collaíochta i Nua-Phrós na Gaeilge", *Irisleabhar Mhá Nuad*, 55-67.